Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022-23

www.tcd.ie

**Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2022/23:**

| | |
|---|---|
| **Ex Officio** | |
| Linda Doyle | An Propast |
| Orla Sheils | An Leas-Phropast/Príomh-Oifigeach Acadúil |
| David Shepherd | Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime |
| Neville Cox | An Cláraitheoir |
| Eleanor Denny | An Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí |
| **Tofa/Ainmnithe** | |
| Darryl Jones | Comhaltaí agus Comhollúna (2022-2026) |
| Louis Brennan | Comhaltaí agus Comhollúna (2022-2026) |
| Norah Campbell | Comhaltaí agus Comhollúna (2022-2026) |
| Caitriona Leahy | Comhaltaí agus Comhollúna (2022-2026) |
| Khurshid Ahmad | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Sarah Alyn Stacey | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Rose-Anne Kenny | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| (Owen) Ross McManus | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Inmaculada Arnedillo-Sanchez | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2022-2026) |
| Sarah Browne | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2022-2026) |
| Lorna Roe | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2020-2024) |
| Fintan Sheerin | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2020-2024) |
| John Walsh | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2020-2024) |
| Kevin Byrne | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2020-2024) |
| Rachel Matthews-McKay | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2020-2024) |
| David Grouse | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2022-2026) |
| Gabrielle Fullam | Ionadaithe na Mac Léinn (Uachtarán Aontas na Mac Léinn) (2022-2023) |
| Chloe Staunton | Ionadaí na Mac Léinn (Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn) (2022-2023) |
| Zoe Cummins | Ionadaí na Mac Léinn (Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn) (2022-2023) |
| Matt Murtagh-White | Ionadaí na Mac Léinn (Aontas na gCéimithe) (2022-2023) |
| Paul Farrell | Comhalta Seachtrach (arna ainmniú ag fochoiste den Bhord) (2022-2026) |
| Andrea Nolan | Comhalta Seachtrach (arna ainmniú ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i gcomhairle leis an bPropast) (2020-2024) |
| **I Láthair** | |
| Peter Reynolds | An Cisteoir/Príomh-Oifigeach Airgeadais (i láthair ex officio) |
| John Coman | An Rúnaí (i láthair ex officio) |
| Orla Cunningham | An Príomh-Oifigeach Oibríochta (i láthair, le cuireadh) |
| Emma Stokes | Leas-Uachtarán don Rannpháirtíocht Domhanda (i láthair, le cuireadh) |
| Victoria Butler | An Leas-Rúnaí (i láthair) |

*Tá taifead ar fhreastal ar chruinnithe Boird agus ar chostais Bhoird in Aguisín I agus II faoi seach*
Cuirtear an cháipéis seo ar fáil i bhformáid áisiúil ach sin a iarraidh (rphost: trinity.communications@tcd.ie)

# CLÁR NA nÁBHAR

## Gníomhaíochtaí Ollscoile

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Forbairtí Acadúla** | **1** |
| | Rangú Ollscoile Domhanda | 1 |
| | Caighdeán | 1 |
| **2.** | **Education** | **2** |
| | Pobal na Tríonóide | 2 |
| | Staitisticí Iontrála | 2 |
| | Scoláireachtaí | 3 |
| | An Curaclam – Cúrsaí Nua | 3 |
| | Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir | 4 |
| | Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide | 4 |
| | Oideachas Ar Líne | 6 |
| | Comhaontuithe Idirnáisiúnta | 7 |
| **3.** | **Eispéireas na Mac Léinn** | **7** |
| | Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 7 |
| | Student Achievements | 7 |
| **4.** | **Gníomhaíochtaí Taighde** | **11** |
| | Maoiniú Taighde | 11 |
| | Gnóthachtálacha na Mac Léinn | 11 |
| **5.** | **Nuálaíocht agus Tráchtálú** | **14** |
| | Maoiniú Taighde | 15 |
| | Maoin Intleachtúil | 15 |
| | Launchbox agus Blackstone Launchpad | 16 |
| **6.** | **Acmhainní Daonna** | **17** |
| | Cumas maidir le Daoine | 19 |
| | Abhcóideacht maidir le Daoine | 19 |
| | Oibríochtaí maidir le Daoine | 19 |
| **7.** | **Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí** | **21** |
| **8.** | **Clár Forbartha Caipitil** | **24** |
| | Tionscadail | 24 |
| | Caomhnú Fuinnimh | 25 |
| **9.** | **Daonchairdeas** | **28** |
| **10.** | **Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2023*** (*arna gceadú ag an mBord i Márta 2024) | **30** |

**Aguisín I Freastal ar Chruinnithe an Bhoird 2022-23** **31**
**Aguisín II Costais Chomhaltaí an Bhoird 2022-23** **31**

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ OLLSCOILE

## 1. Forbairtí Acadúla

### 1.1 Rangú Domhanda na nOllscoileanna

Rangaítear Coláiste na Tríonóide mar phríomh-ollscoil na hÉireann i Rangú Domhanda na nOllscoileanna de chuid Quacquarelli Symonds (QS), i Rangú Domhanda na nOllscoileanna de chuid an Times Higher Education (THE) agus i Rangú Acadúil na nOllscoileanna Domhanda, Shanghai.

Rangaíodh Coláiste na Tríonóide in ionadt98 i measc ollscoileanna an domhain agus in ionad35 i measc ollscoileanna na hEorpa ar liostaí QS maidir le hOrd Feabhais Ollscoileanna an Domhain 2023. Rangaíodh Coláiste na Tríonóide in ionad161 ar liosta Rangú Ollscoileanna an Domhain 2023 de chuid Times Higher Education.

### 1.2 Caighdeán

Leagadh béim san athbhreithniú ar chaighdeán sa bhliain 2022-23 ar aonaid neamhacadúla mar gheall gur cuireadh isteach i gcónaí ar ghníomhaíochtaí Scoileanna i ndiaidh na paindéime COVID-19. Cuireadh ceithre athbhreithniú i gcrích, lenar áiríodh trí aonad agus aon athbhreithniú téamach amháin. I measc na n-athbhreithnithe aonaid, áiríodh Seirbhís Gairmeacha na Tríonóide, Gnóthaí Acadúla agus an Oifig Caighdeáin. Bhain an t-athbhreithniú téamach le Seirbhísí Meabhairshláinte do Mhic Léinn inar cuimsíodh an tSeirbhís Chomhairleoireachta do Mhic Léinn, Sláinte an Choláiste agus an tSeirbhís Mhíchumais. Ba é seo an chéad athbhreithniú téamach a cuireadh i gcrích i gColáiste na Tríonóide agus mhol an Fhoireann um Athbhreithniú Seachtrach é as ucht an chuir chuige leathain a bhí i gceist leis. Chuir Coláiste na Tríonóide Plean Forfheidhmithe isteach inar tugadh aghaidh ar mholtaí a thug Athbhreithniú ar Chaighdeán Institiúide Cinnte do QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i mí Aibreáin 2023.

Ar na polasaithe nua a ceadaíodh in 2022-23, áirítear Polasaí um Scrúdaitheoir Seachtrach – Cláir Mhúinte, Polasaí um Scrúdaitheoir Seachtrach - Cláir Thaighde agus Polasaí Béarla, ar ceadaíodh iad ar fad i mí an Mheithimh 2023. Leagadh béim in obair na bliana 2022-23 ar pholasaithe, córais agus próisis um Scrúdaitheoir Seachtrach. Tugadh isteach foirm nua ar líne maidir le Tuarascáil Bhliantúil um Scrúdaitheoir Seachtrach do chláir mhúinte iarchéime a nglacfaidh cláir fhochéime leo in 2023-24.

Ag leibhéal na hearnála, rinneadh ionadaíocht ar an Oifig Caighdeáin agus ar an Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda ar an nGrúpa Oibre IUA don Mharc Idirnáisiúnta Oideachais (IEM) agus chuathas i gcomhairle go hinmheánach maidir le dréachtaí den pholasaí QQI maidir le hÚdarú chun an IEM agus an Cód Cleachtais a úsáid chun cláir Ardoideachais a chur ar fáil d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, chuaigh Coláiste na Tríonóide i gcomhairle go hinmhéanach agus chuir sé aiseolas ar fáil maidir le tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Suirbhé Náisiúnta ar Mhic Léinn. Bhain Coláiste na Tríonóide 26% amach sa ráta rannpháirtíochta sa Suirbhé Náisiúnta ar Mhic Léinn (Múinte) agus 36% amach sa ráta rannpháirtíochta don suirbhé maidir le Taighde Iarchéime a cuireadh i gcrích i mí an Mhárta 2023. Ní thabharfar faoin Suirbhé sa bhliain 2024, d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar shuirbhé athbhreithnithe a leagan amach agus a chur ar bun ar bhonn píolótach. Ar deireadh, d'éirigh leis an nGrúpa Oifigeach Ardchaighdeáin maoiniú deontais a fháil ó QQI do thionscadal ar an bPiarmheasúnú um Measúnacht a dhéanamh ar Scrúdaitheoirí Seachtracha. Ghlac Scrúdaitheoirí Seachtracha, Stiúrthóirí Cúrsa agus Stiúrthóirí Cláir páirt i suirbhé maidir leis an dearcadh atá ann i ndáil leis an ról agus an éifeachtúlacht a bhaineann le Scrúdúchán Seachtrach. Eiseofar torthaí an tionscadail seo in 2023-24 agus táthar ag súil go gcuirfear bonn eolais ar fáil don pholasaí náisiúnta.

## 2. Oideachas

### 2.1 Pobal Choláiste na Tríonóide

Is pobal scoláirí é Coláiste na Tríonóide atá comhdhéanta de mhic léinn, foireann acadúil, foireann riaracháin agus ghairmiúil. Is í an éagsúlacht atá i gcroílár shainiúlacht Choláiste na Tríonóide, agus mealltar mic léinn agus baill foirne as gach cearn den domhain a bhfuil gach cineál cúlra agus taithí shocheacnamaíochta acu dá barr.

San iomlán, bhí 21,380 mac léinn ann i rith na tréimhse 2022-23. 14,986 (70%) a bhí cláraithe ar chlár fochéime, 6,280 (29.4%) ar chlár iarchéime agus 114 (0.53%) ar bhunchúrsa. Maidir le cohórt an Aontais Eorpaigh i gcomparáid le cohórt nach as an Aontas Eorpach é, ba as an Aontas Eorpach 17,072 (80%) de na mic léinn, níorbh as an Aontas Eorpach 4,308 díobh (20%) agus ba as oileán na hÉireann 66% díobh Mná a bhí in 62% de na mic léinn, fir a bhí in 38% acu agus b'fhearr le 0.2% díobh gan a n-inscne a chur in iúl.

### 2.2 Staitisticí Iontrála

Sa bhliain 2022, le Coláiste na Tríonóide a rinneadh 11,091 de na hiarratais chéadrogha i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) – ardú 3.5% i gcomparáid leis an mbliain 2021 (10,711). Rinneadh 13% de na hiarratais chéadrogha ar fud earnáil na hollscolaíochta ar fad le Coláiste na Tríonóide (18% sa bhliain 2021).

78,012 duine a rinne iarratas trí chóras na Lár-Oifige Iontrála ar chúrsaí Leibhéal 8 i bhforais ardoideachais na hÉireann, íslíú 1.4% i gcomórtas le 79,176 sa bhliain 2021. In 2022, luaigh 22,623 (23878 in 2021) Coláiste na Tríonóide mar cheann amháin nó níos mó dá roghanna cúrsa CAO.

D'éirigh le 675 mac léinn nua-iontrála a raibh na pointí is airde ina scoil acu an leibhéal íosta nó os a chionn sin a bhaint amach sa bhliain 2022 (i gcomparáid le 686 in 2021). Tháinig na mic léinn seo ó 460 scoil éagsúil (499 in 2021); 429 ó 31 chontae ar Oileán na hÉireann, in éineacht le hiarrthóirí ó 40 scoil i 30 tír.

As na dámhachtaithe go léir, tá staidéar á dhéanamh ag 237 mac léinn ar chúrsaí Innealtóireachta, Matamaitice agus Eolaíochta; ag 181 mac léinn ar Eolaíochtaí Sláinte, ag 136 mac léinn ar na Dána, na Daonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, agus tá 122 mac léinn sa bhreis orthu sin i mbun staidéir i níos mó ná dámh amháin. Mná 60% agus fir 40% d'iomlán lucht na ngradam (675).

Seoladh Staidéar Féidearthachta Iontrála Choláiste na Tríonóide (TAFS) in 2013 chun imscrúdú a dhéanamh an bhféadfadh sé go mbeadh sé indéanta mic léinn a ligean isteach i gColáiste na Tríonóide ag baint úsáide as teaglaim de thorthaí Ardteistiméireachta agus measúnuithe breise. Cuireadh cúig áit is fiche i leataobh don staidéar: TR003 Stair (10 n-áit), TR004 Dlí (10 n-áit), agus TR028 Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach (5 áit).

### 2.3 Scoláireachtaí

Gné sheanbhunaithe den Ollscoil a bhfuil stair fhada agus ardghradaim ag baint léi is ea an Scoláireacht Fondúireachta, agus is gné shainiúil í de shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide. Is í an dámhachtain fhochéime is mó gradaim sa tír fós í an Scoláireacht i gColáiste na Tríonóide agus is dámhachtain í a bhfuil, gan amhras, naisc fhadtéarmacha idir go leor céimithe den scoth agus an Ollscoil caomhnaithe aici. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá dul sa tóir ar an sármhaitheas: tá an Scoláireacht ar cheann de na comharthaí is soiléire de sin.

Bronnadh Scoláireachtaí ar 62 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2023 sa bhliain acadúil 2022-23.
Bhí na mic léinn a fuair na scoláireachtaí ionadaíoch ar gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (22); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (12); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (17); agus dámha éagsúla (11).

## 2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua

D'údaraigh Comhairle na hOllscoile na cúrsaí iarchéime agus na modúil seo a leanas in 2022-23. Níor cheadaigh Comhairle na hOllscoile aon chúrsaí fochéime nua i rith na bliana acadúla seo.

| IC | Teideal an Chúrsa | An Chéim a Dhámhfar |
|---|---|---|
| IC | Iléagsúlacht agus Cuimsiú maidir le Breisoideachas agus Breisoiliúint | M.O., Teastas IC agus Dioplóma Iarchéime |
| IC | Ceannaireacht Scoile Críostaí | MES le bealach chuig Dioplóma Iarchéime |
| IC | Oideachas trí Mheán na Gaeilge agus Oideachas Gaeltachta | MEd le bealach chuig Dioplóma Iarchéime |
| IC | Staitistic agus Eolaíocht Sonraí ar Líne | MSc |
| IC | Eolaíocht Fheidhmeach Sonraí Sóisialta | MSc le Breisiú MSc |
| IC | Gnóthaí Rialála maidir le Feistí Leighis | MSc le bealach chuig Dioplóma Iarchéime |

## 2.5 Bronnadh Céimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir

Bronnadh 5,779 ceîm (2,934 buncheîm agus 2,845 ardcheîm) ag 51 searmanas éagsuîl bronnta ceîmeanna i rith na bliana 2022.Fuair ocht gcéad is a nócha seacht mac léinn onóracha den chéad ghrád sa scrúdú céime in 2022/23 agus bronnadh Boinn Óir ar 127 díobh.

Ar an Aoine an 2 Nollag 2022, bronnadh céimeanna onóracha ar Noeline Blackwell, Dorothy Cross, David Ford, agus Alan Rusbridger ag Searmanas Bronnta Céimeanna an Gheimhridh san Amharclann Phoiblí. Tá obair dhosháraithe déanta ag Noeline Blackwell i dtaca le cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn le tríocha bliain anuas. Ealaíontóir as Éirinn is ea Dorothy Cross a bhfuil a cuid saothair ina ábhar bunriachtanach lena chur san áireamh i mBailiúchán Ealaíne an Stáit agus bhí a saothar ina ábhar i dtaispeántas iardhearcach in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann. Tá David Ford ina Ollamh Emeritus Regius sa Diagacht in Ollscoil Cambridge a bhí ina scoláire fondúireachta sna clasaicí i gColáiste na Tríonóide ar dtús agus a bhfuil tionchar imeartha aige ar réimse na diagachta agus ar staidéar ar reiligiún i gcaitheamh a ghairmréime. Tá obair shuntasach curtha i gcrích ag Alan Rusbridger mar eagarthóir nuachtáin neamheaglach, agus é ina chosantóir ar phreas a bhfuil fáil air go héasca ar líne, agus ar thug sé cuidiú ina leith sin trí shamhail ghnó inbhuanaithe a chruthú agus as ucht a dhúthrachta i ndáil leis an teacht atá ag mic léinn ar Ollscoil Oxford a mhéadú.

Ar an Déardaoin an 6 Aibreán 2023, chun comóradh a dhéanamh ar an 25ú bliain ó Chomhaontú Aoine an Chéasta, bronnadh céimeanna onóracha ar Martin Mansergh, Monica McWilliams, Jonathan Powell, agus Nancy Soderberg le linn Searmanais Bronnta Céimeanna den Earraigh san Amharclann Phoiblí. D'fhóin Martin Mansergh mar Sheanadóir, mar TD agus mar Aire Stáit agus bhí a chuid oibre sa chúlra roimh Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste ríthábhachtach don phróiseas síochána. Níl sárú le fáil ar chion oibre Monica McWilliams i dtaca le síocháin i dTuaisceart Éireann agus i dtaca le ról na mban in go leor comhthéacsanna polaitíochta. Bhí Jonathan Powell ina Cheann Foirne i Sráid Downing agus ba eisean an príomhidirbheartaí rialtais don Bhreatain maidir le Tuaisceart Éireann agus a bhí de chomhthoil ar cheann de na príomhghnéithe i ndáil le teacht ar shocrú i dTuaisceart Éireann. Bhí Nancy Soderberg ina príomhchomhairleoir ag an Uachtarán Clinton maidir le Tuaisceart Éireann agus, sa phost seo, bhí ról ríthábhachtach aici i dtaca leis an bpróiseas síochána a fhorbairt sna 1990í.

Ar an Aoine an 16 Meitheamh 2023, bronnadh céimeanna onóracha ar Ugur Sahin, Beate Schuler, Joan Steitz agus Özlem Türeci ag Searmas Bronnta Céimeanna den Samhradh san Amharclann Phoiblí. Tá Ugur Sahin ina dhochtúir oilte agus ina ollamh ar Oinceolaíocht Aistritheach agus Imdhíoneolaíocht in Ollscoil Mainz, agus bhí a chuid oibre agus teagaisc dírithe ar imdhíoneolaíocht mRNA. Daonchara agus comhairleoir is ea Beate Schuler a bhunaigh cuideachta cógaisíochta rathúil agus a bhí ar cheann de na tabharthóirí ba fhlaithiúla de chuid Choláiste na Tríonóide. Tá Joan Steitz ina hOllamh Sterling sa Bhithfhisic agus Bithcheimic Mhóilíneach i Scoil Leighis Ollscoil Yale, ar phríomheolaí í ina réimse agus ar oideachasóir í den chaighdeán is airde. Dochtúir oilte, taighdeoir acadúil, agus fiontraí is ea an tOllamh Özlem Türeci MD, a bhfuil a chuid oibre dírithe ar leas a bhaint as córas imdhíonachta othar chun troid in aghaidh ailse agus galair thógálacha a chosc.

## 2.6 Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide

Le 30 bliain, tá lucht foirne Chlár Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) ag obair leis na mílte mac léinn agus ag obair ar a son, ar mhic léinn iad as cúlraí a bhíonn faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta, chun tacú leo, chun iad a spreagadh agus chun ugach a thabhairt dóibh barr a gcumas féin a bhaint amach.

Cuimsíonn TAP oideolaíocht dara leibhéal, bealaí iontrála malartacha chuig ardoideachas, tacaíocht iariontrála agus cláir forbartha gairme d'fhochéimithe. Chomh maith leis sin, tacaítear le forbairt gairme teagascóirí agus le cláir scoilbhunaithe inbhuanaithe ar mhaithe le tionchar cultúir scoileanna agus rannpháirtíocht phobail níos doimhne.

Le Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide, cuirtear aird ar an ré scolaíochta ó thús go deireadh. Cothaítear caidreamh leis an dalta bunscoile agus coinnítear sin ar bun go dtí go ngnóthaíonn an mac léinn céim ollscoile. Cothaítear caidreamh freisin leis an bhfoghlaimeoir feadh saoil chun tacú lena mbealach isteach sa chóras oideachais agus tríd an gcóras oideachais. Go dtí seo, chuaigh 8,217 mac léinn fochéime isteach i gColáiste na Tríonóide trí na bealaí iontrála malartacha, lena n-airítear na bealaí iontrála do mhic léinn lánfhásta. Oibrímid leis na mic léinn seo ag gach céim ina n-aistear oideachais trí thacaíochtaí agus gníomhaíochtaí iariontrála saincheaptha a chur ar fáil. Ghlac breis agus 18,500 dalta bunscoile agus meánscoile páirt inár gcláir for-rochtana le linn na bliana acadúla 2022-23.

Tá TAP (Oifig na Mac Léinn Lánfhásta san áireamh) á mhaoiniú ag an Údarás Um Ardoideachas, tríd an gClár um Rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal (PATH), an Roinn Oideachais mar aon le maoinitheoirí aonair agus corparáideacha do na tionscnaimh seo a leanas:

- For-rochtain Scoileanna
- Cúrsaí Ullmhúcháin Réamh-Ollscoile: Bonnchúrsa do Dhaoine Fásta Óga agus do Mhic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide
- Cúrsaí de chuid na Comhpháirtíochta um Rochtain Ollscoile: Coláistí ETB Chathair Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Saoirsí, an Phiarsaigh, an Phluincéid)
- Na Cláir Slite chun Slí Gairme sna Réimsí Gairmiúlachta (Dlí, Gnó agus ETIM san áireamh)
- An Clár maidir le Dul Chun Cinn Tar Éis na hIontrála
- Taighde & Sonraí
- Scoileanna Sárchéimníochta
- An Clár Droichead go dtí an Coláiste
- Seachtain Feasachta Coláiste (CAW), tionscnaimh PATH lena n-áirítear meantóireacht phobail, Dublin Learning City Festival, Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach, Sparánacht 1916 & gníomhaíochtaí um Fhor-rochtain Taistealaithe & Romach

Glacadh 203 duine isteach i gColáiste na Tríonóide trí TAP in 2022-23. Chomh maith leis sin, rinneadh éascaíocht ag 173 duine a ghlacadh isteach trí Oifig na Mac Léinn Lánfhásta.

Oibríonn TAP in éineacht le Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (ar a dtugtar scoileanna DEIS go hiondúil) a bhfuil leagáid ag baint leo nach dtéann mórán daltaí ar aghaidh chuig tríú leibhéal. Oibríonn Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide le breis agus 75 scoil ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 40 acu sin ar bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal iad a bhfuil dlúthcheangal leo agus 35 atá páirteach i dtograí de leithéid Scoileanna Sárchéimníochta nó a thagann faoi scáth chomhar páirtnéireachta le heagraíochtaí de leithéid Citywise Education. Trí TAP, le cuidiú ó bhreis agus 20 rannóg de chuid Choláiste na Tríonóide, cuireadh ar chumas thart ar 20,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí le linn 2022-23. Áiríodh leo sin turais thart faoin gcampas, ceardlanna do dhaltaí i gcódú, iriseoireacht, díospóireacht, teangacha agus cultúir Eorpacha, scileanna digiteacha, Conairí chuig cláir Dlí, Gnó agus Teicneolaíochta agus chuig Scoil Samhraidh TAP. Eagraíodh freisin níos mó ná 1,100 beart caidrimh le múinteoirí le cruinnithe múinteoireachta, cúrsaí iarchéime agus cláir na gcomhaltaí múinteoireachta.

Cuireann TAP sraith tacaíochtaí, gníomhaíochtaí agus cláir forbartha gairme ar fáil i gcónaí, in éineacht le cúnamh airgeadais atá saincheaptha d'fhochéimithe a chuaigh isteach i gColáiste na Tríonóide trí chonairí

iontrála malartacha. Cuimsíonn na mic léinn seo speictream éagsúil, a chomhlíonann go leor critéir, lena n-áirítear iad a bheith ina gcéad ghlúin de mic léinn ollscoile, agus iad ag teacht ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, nó ar fhreastail siad ar scoileanna DEIS. Is minic a bhíonn mic léinn ó chúlraí ísealioncaim ag streachailt go mór le brú airgid, rud a chuireann leis an imní a bhíonn orthu maidir le hiad féin a choimeád ag imeacht le linn a n-aistir tríd an gcoláiste, agus a spreagann smaointe maidir le héirí as. Tá TAP diongbháilte i gcónaí faoina thiomantas, trí chúnamh airgid ríthábhachtach a chur ar fáil a thagann ó fhlaithiúlacht tacadóirí corparáideacha, alumni, agus tabharthóirí aonair.

Chomh maith leis sin, cuirtear maoiniú bliantúil ar fáil tríd an gciste ESF/SAF. I rith na bliana acadúla 2022-23, bhí 914 mac léinn cláraithe le TAP. Díobh sin, tá cúnamh airgid á fháil ag 95%. Fuair 327 mac léinn scoláireacht daonchairidis TAP (36% de na mic léinn fhochéime ar fad atá cláraithe le TAP).

Tríd an mBonnchúrsa i gColáiste na Tríonóide agus na Cúrsaí Rochtana Ollscoile a cuireadh ar fáil in éineacht le Coláiste na Phiarsaigh, an Phluincéid agus na Saoirsí, freastalaíodh ar suas le 125 mac léinn gach aon bhliain. Tríd na cúrsaí seo, cuirtear rogha mhalartach maidir le háit a bhaint amach i gColáiste na Tríonóide ar fáil do dhaoine fásta óga agus do mhic léinn lánfhásta ar chuir a gcuid cúinsí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir bac orthu freastal ar choláiste. Tá na cúrsaí leagtha amach chun cur le hinniúlachtaí acadúla na mac léinn agus chun bonn láidir a chur ar fáil le haghaidh staidéir ar leibhéal céime.

Príomhchuspóir de chuid na hOllscoile agus an Phlean Rochtana Naisiúnta is ea comhpháirtíochtaí idir Breisoideachas agus Oiliúint (FET) agus Ardoideachas a fheabhsú leis an misean chun bealaí iontrála chuig an gcoláiste a éagsúlú trí straitéis earcaíochta spriocdhírithe, ionduchtú agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn FET. Thug Coláiste na Tríonóide gealltanas chun líon na n-iarratasóirí don Ollscoil ó Dhámhachtainí FET Leibhéal 5/6 a mhéadú. Tá leathnú dá thoradh sin ar na bealaí iontrála reatha FET agus bealaí nua dul chun cinn á gcur ar bun ar fud Dhámha uile na hOllscoile.

Ó bunaíodh í sa bhliain 2014, tá méadú tagtha ar an bhfeachtas Seachtain Feasachta Coláiste (CAW) bliain i ndiaidh bliana. Gach aon bhliain, óstálann scoileanna, ollscoileanna, coláistí breisoideachais, leabharlanna agus tuilleadh nach iad imeachtaí ar leith chun cultúr maidir le freastal ar an ollscoil a chur chun cinn ina bpobal féin. Sa bhliain 2022, ghlac breis agus 163,000 duine páirt in CAW agus imeachtaí á reáchtáil i ngach aon chontae in Éirinn. Áiríodh leis sin 60% de na scoileanna DEIS ar fad in Éirinn. Chomh maith leis sin, úsáideadh CAW mar an t-ardán do mheantóireacht phobail PATH, ar clár é a chuimsíonn sé institiúid ardoideachais, inar oibrigh 266 meantóir ar bhonn deonach ina gcuid pobail, rud a rinne tairbhe do bhreis agus 2,500 rannpháirtí.

## 2.7 Oideachas Ar Líne

Lean Coláiste na Trionóide lena thiomantas don oideachas ar líne in 2022-23. Bhí mic léinn ábalta rochtain a fháil ar réimse ábhar cúrsa arna bhforbairt ag lucht Choláiste na Tríonóide agus iad in áit ar bith ar domhan. Tá cúrsaí iarchéime go hiomlán ar líne ar fáil ó 2014 i leith, tráth ar forbraíodh iad mar chuid de spriocanna straitéiseacha na hOllscoile maidir le hoideachas ar líne. Nuashonraíodh go leor cúrsaí reatha le linn na tréimhse seo chun an t-ábhar foghlama a choinneáil i dtreis agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas.

In 2022-23, sheol Coláiste na Tríonóide Bliain 2 den MSc agus Dioplóma Iarchéime i dTeicneolaíocht Déantúsaíochta Cógaisíochta nua agus ar líne don chéad chohórt mac léinn ar an gcúrsa.

Cruthaíodh modúil atá go hiomlán ar líne agus cuireadh iad ar fáil don MSc i Leigheasanna Cliste i Scoil an Leighis agus don Dioplóma IC cumaisc agus hibride san Innealtóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide i Scoil na hInnealtóireachta.

Forbraíodh trí mhicridhintiúir nua atá go hiomlán ar líne i dTeicneolaíochtaí i Seirbhísí Daonna, Comhionannas, Éagsúlacht, agus Ionchuimsiú: Polasaí & Daoine, agus i bhForéigean Baile agus cuireadh iad ar fáil i Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Sóisialta. Cruthaíodh micridhintiúir cumaisc nua maidir le Rólghlacadh a chur i bhfeidhm i gCúram Sláinte agus cuireadh é ar fáil i Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais.

Leanann Coláiste na Tríonóide de bheith ag tacú le pobail foghlama domhanda trí chúrsaí rochtana oscailte (MOOCanna) ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le FutureLearn. Chláraigh níos mó ná 5,000 foghlaimeoir i

rith na bliana 2022-23 le ceann de Mhórchúrsaí Ar Líne (MOOC) Choláiste na Tríonóide a dhéanamh. I measc na gcúrsaí MOOC a raibh tóir orthu, bhí Leabhar Cheanannais, Aistear i dtreo na Breithe, Forbairt Inbhuanaithe a Bhaint Amach agus Andúil i nDrugaí agus Alcól a Aithint agus Gníomhú ina Leith.

## 2.8 Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Oibríonn Coláiste na Tríonóide le breis agus 300 ollscoil comhpáirtíochta ar fud na cruinne, lena n-áirítear comhchláir, tionscadail chomhoibríocha agus malartuithe mac léinn agus ball foirne.

I measc na dtionscnamh comhpháirtíochta sa bhliain 2022-23, bhí:

- Sheol Scoil na hInnealtóireachta agus Scoil Innealtóireachta agus Eolaíochta Feidhmí na Fondúireachta Fu in Ollscoil Columbia céim mháistreachta dhúbailte nua. Bhain mic léinn ar an gclár seo céim amach leis an MAI ó Choláiste na Tríonóide agus le MSC ó Columbia.
- Chuir Coláiste na Tríonóide lena chaidreamh le Coláiste na nEalaíon LASALLE i Singeapór. Rinneadh athnuachan ar an MoU chun comhthionscnaimh nua a chur san áireamh maidir le Seachtain na hInchinne Cruthaithí, An Seimineár Idirnáisiúnta maidir le Ceol agus Aosú agus malartú mac léinn.
- D'fhorbair an Lárionad don Staidéar ar Imirce Éigeantach comhpháirtíochtaí nua le UC San Diego, Boston College agus University of KwaZulu-Natal.
- Forbraíodh deiseanna nua do mhalartú le hOllscoil Sláinte agus Leasa Takasaki, Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta na hIordáine, agus Ollscoil Colorado Boulder.
- D'athnuaigh Coláiste na Tríonóide comhaontú le hOllscoil California agus ceiliúradh an 50ú bliain de mhalartú mac léinn idir Ollscoil California agus Éirinn.

Is comhalta bunaidh é Coláiste na Tríonóide den Chomhaontas Ollscoile CHARM-EU Agus é comhdhéanta de chúig ollscoil Eorpacha ar dtús, faoi láthair, cuimsíonn an Comhaontas Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Barcelona, Ollscoil Utrecht, Ollscoil Montpellier, Ollscoil Eötvös Loránd Bhúdapeist, Ollscoil Würzburg, Hochschule Ruhr West, Äbo Akademie agus Ollscoil Bergen. Chuir an Comhaontas sruthanna nua lena Mháistreacht i nDúshláin Domhanda i ndáil le hInbhuanaitheacht do mhic léinn ar mhian leo speisialtóireacht a dhéanamh i dtéamaí maidir le huisce, bia agus beatha & sláinte.

Leanann CHARM-EU d'éifeachtacht an chomhoibrithe reatha idir a chuid ollscoileanna comhpháirtíochta a fhorbairt agus a mhéadú.



## 3. Eispéireas na Mac Léinn

Leathnaíonn 'Taithí Choláiste na Tríonóide' thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta.

### 3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá an tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta a mic léinn go léir ag croílár ghníomhaíochtaí uile na hOllscoile. Cuireann na seirbhísí tacaíochta réimse leathan seirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú lena n-áirítear Cóiríocht, Clár Acadúil, Forbairt Foghlama Mac Léinn, Seirbhís Comhairleoireachta Teagaisc, Ionad Sláinte an Choláiste, Seirbhísí Comhairleoireachta, Oifig Míchumais, an tSéiplíneacht, Seirbhís Comhairleach Ghairme, Naíolann Lae, Aistriú chuig Coláiste na Tríonóide agus Spórt Choláiste na Tríonóide. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúir agus mhothúchánach ar bhealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

### 3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2022-23, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn do mhic léinn in go leor réimsí. Ar na héachtaí suntasacha a rinneadh i mbliana, áiríodh:

Fuair cúigear mac léinn an chéad trí scoláireacht Three Ireland Connect to STEM do mhná ar fiú €20,000 gach aon cheann díobh le linn clár céime ceithre bliana. Tá sé mar aidhm leis an scoláireacht mná as Éirinn a mhealladh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair STEM i gColáiste na Tríonóide.

Bhuaigh Ryan McGowan an duais mór le rá, Duais Hamilton, a bhronn Acadamh Ríoga na hÉireann air mar an mac léinn is fearr ina chlár i Scoil na Matamaitice.

Bhuaigh an grúpa mac léinn Ecode an comórtas fiontraíochta mac léinn Launchbox 2022. Is mic léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, Elise Vens, Emmet Lowry, agus Nathan Gaborieau a bhunaigh Ecode, a chum ardán cumarsáide ciorclach faisin a chuireann ar chumas tomhaltóirí cinntí níos eolaí agus níos inbhuanaithe a dhéanamh ar líne agus sa siopa.

Chruthaigh céimithe sa chógaisíocht, Bidemi Afolabi agus Lauren O'Reilly ProMotion Rewards chun cuidiú le brandaí iompraíochtaí tomhaltóirí a thuiscint. Fuair an chuideachta réamh-shíol-infheistíocht €725,000 faoi cheannas Laidlaw Scholars Ventures (LSV) le rannpháirtíocht ó Delta Partners agus Fiontraíocht Éireann.

Bhronn Leabhair Pháistí Éireann agus Scoil an Bhéarla an Dámhachtain Chomhpháirtíochta Comhionannais don bhliain 2023 ar mhac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide Linde Vergeylen. Tríd an gcomhpháirtíocht, cuirtear ar chumas taighdeoirí oibriú i ndlúthchomhar le saineolaithe sa réimse maidir le leabhair do pháistí chun iniúchadh a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna atá i gceist le foilsitheoireacht chomhaimseartha do léitheoirí óga. Faoi mhaoirseacht an Dr Pádraic Whyte, beidh Linde i gceannas ar fhiosrúchán maidir leis an ionadaíocht a dhéantar ar dhaoine faoi mhíchumas i rann-úrscéalta d'Aosaigh Óga.

**Cumainn**

Lean Lárchoiste na gCumann (CSC) de thacaíocht a thabhairt do chumainn atá faoi cheannas mac léinn chun dul i dteagmháil le pobal na mac léinn i gColáiste na Tríonóide agus éascaíocht a dhéanamh ar iliomad gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar feadh na bliana.

Reáchtáladh Aonach na bhFreisear ar feadh trí lá i mí Mheán Fómhair le linn Sheachtain na bhFreisear, chun fáilte a chur roimh mhic léinn nua agus roimh mhic léinn a bhí ag filleadh ar an gcampas. Lean an 120+ cumann de dhul in oiriúint do bheith in bun gníomhaíochtaí i bpearsa arís, ach mar sin féin, thug siad go leor eolais leo a d'fhoghlaim siad óna dtaithí féin le linn na dianghlasála. Ghlac siad mol cláraithe cumann atá go hiomlán ar líne chucu féin chun go mbeadh baill de phobal na Tríonóide in ann clárú le cumainn tráth ar bith. Chuir na cumainn roghanna hibride i bhfeidhm do roinnt imeachtaí, mar iarracht chun bealaí rochtana malartacha a chur ar fáil.

I measc bhuaicphointí na n-imeachtaí a d'eagraigh cumainn mac léinn i gcaitheamh na bliana, tá:

Reáchtáladh Comórtas Bannaí Ceoil an Cheoil Ghaelaigh i gcomhar le Trinity Jazz Soc, DU Music, DU Alternative Music Society agus Trinity College Singers an bhliain acadúil seo ar fhreastail agus ar ghlac cuid mhór mac léinn páirt ann.

Reáchtáil DU Film Society Féile Scannán 48 n-uaire. Is comórtas é seo atá leagtha amach chun an líon is mó daoine agus is féidir a chur i mbun scannán a chruthú, a ndéantar scannánú orthu le fóin chliste, ar trí sin is féidir le daoine nach bhfuil trealamh casta acu tabhairt faoi scannánóireacht. Taispeánadh an gearrscannán a rinne gach aon mhac léinn os comhair lucht féachana mór, cuma faoina gcur amach sa scannánóireacht. In dhaidh sin, reáchtáladh searmanas bronnta do na scannáin ar ghlac cuid mhór daoine páirt ann.

Reáchtáil an Cumann Fealsúnachta (the Phil) díospóireacht dar teideal 'The EU in Ireland.' Bhí an díospóireacht seo dírithe ar 50 bliain de Bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach. Cuireadh tús leis an imeacht i Halla na Scrúduithe agus áiríodh leis Cuairt Stáit ó Uachtarán Pharlaimint an Aontais Eorpaigh, Roberta Metsola, An Taoiseach Leo Varadkar agus óráid ón bPropast Linda Doyle.Mar chuid den imeacht, bhí óráid fhoirmiúil ón scata thuasluaite mar aon le hóráid ó uachtarán an Chumainn Fhealsúnachta. Bhí ambasadóirí ó gach ballstát den AE i láthair, comh maith leis an 12 MEP de chuid na hÉireann. Ina dhiaidh sin, bronnadh Bonn Óir na Pátrúnachta Onóraí ar an Uachtarán Metsola.

Cumann beag ach cumann a raibh tionchar mór ag baint leis i ndeireadh thiar thall ab ea an Cumann Cóiréach. Leanadh de phobal mac léinn agus ball foirne atá ag dul i méid a chothú a fhaigheann an deis tuiscint agus taithí níos fearr a fháil ar gach gné a bhaineann le cultúr na Cóiré, ní hamháin K-Pop, ach an stair, an teanga, an bia agus an fhealsúnacht. Léirigh siad an méid sin trí imeachtaí éagsúla agus seasta a reáchtáil ar fhreastail líon mór daoine orthu agus ar ghlac líon mór daoine páirt iontu. Ba léir meon an chumainn i dtaca le hionchuimsiú agus inrochtaineacht, ar mar gheall air sin a bhraith na baill go raibh fáilte rompu, agus ar mar gheall air sin freisin a bhuaigh an cumann roinnt gradaim le linn shearmanas gradam bliantúil Chumann na Bliana, lena n-áirítear an gradam is mó a bhfuil tóir air, An Cumann is Fearr ar an Mórgóir.

**Spórt**

Baineann gach a ndéanaimid i Spórt Choláiste na Tríonóide le cuidiú le daoine páirt a ghlacadh agus éirí níos fearr ionas gur féidir linn ár gcumas a bhaint amach in éineacht lena chéile. Le tamall anuas, bhí Spórt Choláiste na Tríonóide i mbun 'Cumas an Bhaint Amach' a chur i bhfeidhm: Straitéis don Spórt agus don Ghníomhaíocht Coirp i gColáiste na Tríonóide 2022-26' a chur i bhfeidhm, leis an bhfís 'spórt an chur i gcroílár eispéireas Choláiste na Tríonóide' agus béim á leagan ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú atá leabaithe ar fud na straitéise. Lean Spórt Choláiste na Tríonóide den tionscadal atá faoi stiúir na Tríonóide 'Meabhair, Colainn, Borradh' a rolladh amach ar fud seacht nInstitiúid Eorpacha. Seoladh 'Mol Lúthchleasaíochta Pobail' i bhFaichí Spóirt Uíbh Eachach i gcomhar le Athletics Ireland. Osclaíodh saoráidí spóirt úrscothacha faoi dhíon i gCearnóg Theach na Clódóireachta chun freastal ar réimse spórt agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear scuais, liathróid láimhe CLG, liathróid raicéid agus aimsiú targaidí Oilimpeach.

### Ionad Spóirt Choláiste na Tríonóide

Tá méadú ag teacht ar an úsáid atá á baint as an Ionad Spóirt le 301,353 duine ag freastal ó mhí Mheán Fómhair 2022 go mí Lúnasa 2023. Mic léinn a bhí i seachtó is a haon faoin gcéad de na húsáideoirí, ar mhéadú 57% é sin le hais na tréimhse céanna in 2021-22. Don naoú bliain as a chéile, bhaineamar amach na caighdeáin is airde sna gradaim cáilíochta náisiúnta do shaoráidí spóirt.

### Imeachtaí agus Dúshláin Fóillíochta

D'éirigh thar cionn leis an tsraith a reáchtáladh ar an gcampas agus reáchtáladh ráib 2km i mí Dheireadh Fómhair, an rith réinfhia bliantúil a reáchtáladh i mí na Nollag mar aon leis an rith 5 km bliantúil i mí an Mhárta ar ghlac 410 duine páirt ann ar chuimsigh 71% díobh sin mic léinn, 15% baill foirne agus 14% baill den phobail. Cuireadh tús leis an gclár 12 seachtaine snámh ar feadh míle i mí Eanáir agus cuireadh deireadh leis le 90 rannpháirtí ag snámh míle le linn an imeachta snámha ag deireadh an chláir. Tháinig spóirt UV, a bhfuil an-tóir ar i gcónaí, ar ais le dhá imeacht á reáchtáil i rith na bliana inar ghlac 59 mac léinn páirt.

Buaicphointe na bliana ó thaobh an dúshláin fóillíochta de ab ea Walktober agus Marchathon. Mar chuid de rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide i ndúshlán na gcéimeanna ón údarás náisiúnta iompair, ghlac 55 fhoireann agus 220 rannpháirtí páirt in Walktober 2022 inar baineadh éacht mór amach le 14,626,227 céim curtha i gcrích. Ghlac 57 bhfoireann agus 239 rannpháirtí páirt i Marchathon 2023 le 16,301,645 céim á gcur i gcrích ag na rannpháirtithe.

### Spóirt Sóisialta agus sraitheanna Inmheánacha

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an tóir atá ar an gclár spóirt shóisialta i measc na mac léinn, le roinnt cláir nua á gcur leis i mbliana. Baineadh amach lánacmhainn sa chlár inmheánach cúigear an taobh ina raibh 96 fhoireann páirteach i rith an dá sheimeastar agus inar ghlac 610 mac léinn páirt. Tugadh isteach sraith nua cispheile triúir in aghaidh triúir ina raibh 23 fhoireann páirteach agus inar raibh 69 rannpháirtí san iomlán páirteach cé gur ghlac 61 duine páirt sa chispheil shóisialta. Ghlac 50 rannpháirtí rialta páirt sa rugbaí tadhaill agus ghlac 31 rannpháirtí baineann páirt sa chlár eitpheile sóisialta. Ghlac seachtar rannpháirtithe san iomlán páirt sa chlár um fhoghlaim faoi CLG a imirt agus tháinig eangach chruinn ar ais le 69 rannpháirtí ar fud trí sheisiún. Ghlac 37 rannpháirtí comhreathach páirt sa chlár siúil/reatha sóisialta ar feadh na bliana agus ghlac 22 rannpháirtí páirt sa chlár ón tolg go 3k sa dara sheimeastar. Chomh maith leis sin, cuireadh spórt sóisialta ar fáil i limistéir chónaithe na mac léinn atá lonnaithe i Halla na Tríonóide, Dartraí, lena n-áirítear peil cúigear an taobh agus cispheil triúr an taobh.

### Erasmus+ Tionscadal Spóirt – Meabhair, Colainn, Borradh

Chuaigh an tionscadal, faoi stiúir Spórt Choláiste na Tríonóide agus arna mhaoiniú ag Erasmus+ 'Meabhair, Colainn, Borradh' (MBB), ó neart go neart i gcónaí i mbliana. Thugamar aghaidh ar an mbliain deiridh den tionscadal trí bliana i gcomhar lenár seacht chomhpháirtí Eorpacha. Is é an aidhm atá leis an tionscadal MBB uileaghabhálacht agus comhionannas a spreagadh trí spórt trí thimpeallacht sláinte agus chorpacmhainne shábháilte a chruthú do mhic léinn tríú leibhéal a bhfuil tacaíocht fhisiceach agus mheabhairshláinte ag teastáil uathu.

Baineadh roinnt garspriocanna barrthábhachtacha amach in 2022-23 de réir mar a cuireadh hidirghabhálacha deiridh an tionscadail i gcrích ar fud seacht gcampas san Eoraip agus de réir mar a bogadh an tionscadal i dtreo na céime 'Measúnú agus Scaipeadh'. Rinneadh roinnt aschur intleachtúil a fhorbairt agus a bheachtú i mbliana, lena n-áirítear.

- Lámhleabhar & foireann uirlisí maidir leis an dea-chleachtas
- 21 Idirghabháil a cuireadh ar fáil ar fud seacht gcampas Eorpach ina raibh 379 duine páirteach
- Aip do rannpháirtithe
- Láithreán gréasáin maidir le tionscadail

Áirítear leis an Lámhleabhar agus Foireann Uirlisí MBB forléargas ar an gclár, struchtúr agus leagan amach gach aon seisiúin mar aon le moltaí ó gach aon cheann de na comhpháirtithe faoin mbealach is fearr an tionscadal a chur ar fáil. D'éirigh thar cionn ar fad leis an tionscadal. Thuairiscigh beagnach 80% de rannpháirtithe ar mac léinn iad go raibh athrú dearfach tagtha ar a gcuid iompraíochtaí sláinte i ndiaidh dóibh an clár a chur i gcrích agus ar thuairiscigh breis agus 90% de rannpháirtithe freagraí dearfacha ina leith maidir le seachadadh an chláir, agus inrochtaineacht, tacaíochtaí agus éifeachtacht an chláir á moladh go hard. Beidh an tionscadal ag bogadh i dtreo na gcéimeanna deiridh dá sheachadadh le linn na chéad mhíonna eile, tráth a ndéanfar an Tuarascáil Mheasúnaithe a chur i gcrích agus na torthaí a scaipeadh.

I measc na gcomhpháirtithe sa tionscadal, tá Coláiste na Tríonóide (ceannaire an tionscadail; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Ollscoil Stirling, Albain; Ollscoil Luimnigh; Ollscoil Eorpach Liospóin, An Phortaingéil; Ollscoil Theicniúil Munich, An Ghearmáin; Ollscoil Vilnius, An Liotuáin agus 'It's Great Out There Coalition,' An Bheilg.

**Taispeántais an Chlub Spóirt**

Thug clubanna spóirt na Tríonóide roinnt taispeántas suntasach an séasúr seo caite. I measc na mbuaicphointí, bhuaigh foireann cispheile na bhfear Choláiste na Tríonóide teideal Shraith Rannán a Dó Chumann Cispheile na hÉireann agus teideal cispheile idir-ollscoile; D'éirigh le Trinity Meteors Cluiche Ceannais an Choirn Naisiúnta a bhaint amach agus chríochnaigh siad sa 3ú háit san Ard-Sraith; Bhuaigh Eitpheil Choláiste na Tríonóide Corn Leibhéal a hAon Spórt Mhic Léinn na hÉireann/Eitpheil na hÉireann agus bhí foireann na bhfear ina gcuraidh sraithe freisin.  Thug club Báid na bhfear agus na mban Corn Sally Moorehead agus Sciath Dan Quinn (faoi seach) abhaile leo ón Colours Boat Race 2023, agus bhuaigh Seoltóireacht na Tríonóide an teideal Colours in aghaidh UCD freisin. Bhuaigh foireann Haca Ban Choláiste na Tríonóide an Pláta Chilean ag na Comórtais Haca Idir-Ollscoile agus bhuaigh Dreapadóireacht na Tríonóide an teideal don fhoireann fhoriomlán ag an imeacht Dreapadóireachta Idir-Ollscoile.

Bhí Gradaim Spóirt na Tríonóide ar siúl i mí Bealtaine sa Royal Marine Hotel. Fógraíodh aon ghradam déag agus an searmanas Pinks le linn shearmanas na ngradam. Tá na gradaim bhliantúla oscailte do gach club spóirt, agus tugann siad aitheantas don tiomantas éachtach a léiríonn pobal an spóirt i gColáiste na Tríonóide. Ba í an t-iriseoir craolacháin, Maire Treasa Ní Cheallaigh, a chuir an 10ú Searmanas Gradaim Bliantúil i láthair, agus ba é Ryan Baird a bhuaigh an gradam a bhfuil an-tóir air, Lúthchleasaí na Bliana. Bhuaigh foireann na bhfear do Chumann Eitpheile Choláiste na Tríonóide 'Foireann na Bliana' agus bhuaigh Foireann na mBan do Chumann Rugbaí Choláiste na Tríonóide 'Taispeántas na Bliana'.

**Scoláireachtaí agus Ardfheidhmíocht**

Bronnadh seasca scoláireacht spóirt ar fud 13 spórt don bhliain acadúil 2022-23, lenar áiríodh 33 scoláire ó Acadamh na gClub.

Áiríodh leis na faighteoirí:

- Oilimpeach agus Captaen Tóiceo 2020 - Katie Mullan (Haca)
- Imreoirí Rugbaí Sinsir na hÉireann – Ryan Baird, Joe McCarthy, Kathryn Dane & Meabh Deely
- Imreoirí Idirnáisiúnta Cispheile Sinsir na hÉireann – Dayna Finn agus Sarah Kenny
- Imreoirí Cruicéid Sinsir na hÉireann – Rebecca Stokell and Leah Paul
- Bronnadh scoláireacht Trever West ar Gavin Hoey (Cruicéad), Sadhbh Doyle (Sacar) agus Harry Sheridan (Rugbaí) as ucht a gcuid oibre ar dóigh mar ambasadóirí agus mar eiseamláirí do spórt na mac léinn i gColáiste na Tríonóide.

Roghnaíodh líon nach beag dár scoláirí spóirt chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn i ngrúpaí aoise éagsúla, lena n-áirítear 11 lúthchleasaí ar scoláirí iad a rinne ionadaíocht ar an tír ag leibhéal idirnáisiúnta na sinsear. Reáchtáladh Searmanas na nGradam don Scoláireacht Spóirt ar an gcampas sa Phroinnteach i mí na Samhna. Mar chuid de shearmanas na ngradam, reáchtáladh díospóireacht phainéil ina raibh Déghairm mar théama, in éineacht leis na lúthchleasaithe Rebecca Stokell, Joe McCarthy, agus Katie Mullan.

# 4. Gníomhaíochtaí Taighde

## 4.1 Maoiniú Taighde

B'ionann luach na gníomhaíochta taighde (arna meas de réir caiteachas taighde) agus €125.9m, a fhágann gur tháinig ardú €10.6m (9.2%) ar leibhéil na bliana roimhe seo, le cóimheas Státchiste: neamh-Státchiste ag 63:37. Is í seo an dara bliain inar sháraigh luach na gníomhaíochta taighde €110m. B'ionann luach na ndámhachtainí nua a daingníodh sa bhliain agus €111m (2021/22: €125m) le ráta costais indíreach ag 21.1% (2021-22: 20.2%).

Bhí breis is 1,736 cuntas beo taighde i gceist sa bhliain 2023, a raibh 595 Príomhthaighdeoir á dtreorú agus ar thacaigh na gníomhaíochtaí taighde a bhain leo le thart ar 2,791 duine aonair (1,905 ball foirne agus 886 mac léinn PhD).

B'ábhar do 55 iniúchadh i gcaitheamh na bliana ab ea €39.1m a bhain le gníomhaíocht taighde, agus níor tháinig torthaí suntasacha ar bith chun cinn.

| Foinse Maoinithe do Thaighde | Bliain dar críoch 30 M. F. 2023 |
|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 35.5% |
| Coimisiún an Aontais Eorpaigh (AE) | 18.3% |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 8.7% |
| Fiontraíocht Éireann | 8.0% |
| Eile neamh-státchiste | 7.5% |
| An Bord Taighde Sláinte | 7.0% |
| Tionscal | 6.4% |
| Carthanas | 4.4% |
| Rialtas na hÉireann / Gníomhaireacht Stáit | 4.2% |

## 4.2 Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim

Lean baill foirne Choláiste na Tríonóide d'éachtaí a dhéanamh i dtaobh a gcuid gnóthachtálacha taighde agus bhain siad amach gradaim agus maoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áiríodh i measc na ndámhachtainí a fuair taighdeoirí Choláiste na Tríonóide:

Ainmníodh an tOllamh Orla Sheils, Leas-Phropast agus Príomhoifigeach Acadúil, ina Dochtúir le hEolaíocht mar aitheantas ar a cuid oibre i dtaca le heolas a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, toghadh an tOllamh Sheils mar chomhalta den Chomhairle Eolaíochta den Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta maidir le hAilse don tréimhse 2024-27, ar gníomhaireacht taighde ar ailse de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte atá inti lena dtacaítear le taighde maidir le hailse a chosc.

Bronnadh an Bonn Óir ón Acadamh sna Daonnachtaí don bhliain 2023 ar an Ollamh Jane Ohlmeyer agus bronnadh an Bonn Óir ón Acadamh sna hEolaíochtaí Fisiceacha agus Matamaiticiúla 2023 ar an Ollamh Jonathan Coleman MRIA. Chomh maith leis sin, toghadh an tOllamh Olmeyer ina hÁnra den Acadamh Briotánach don bhliain 2023.

Ainmníodh an tOllamh Orla Hardiman mar Thaighdeoir SFI na Bliana 2022. Bhronn an Bord Taighde Sláinte (HRB) onóir uirthi i mí Eanáir leis an nGradam Impact 2023. Is cliniceoir-eolaí í an tOllamh Hardiman agus is údarás domhanda í maidir leis na cúiseanna, diagnóis, agus cóireáil a bhaineann le Scléaróis Chliathánach Amatrófach (ALS)/ Galar Néarón Luadrach (MND).

I mí Eanáir, bronnadh onóir ar an Ollamh Cliona O'Farrelly mar Ánra den Chumann Meiriceánach um Eolaíocht a Chur chun Cinn, atá ar an gcumann eolaíochta ginearálta is mó ar domhan agus atá ar an gcumann a fhoilsíonn an tsraith irisleabhar 'Science'. Tá Clíona aitheanta ar fud an domhain as ucht a cuid oibre le go mbeadh tuiscint níos fearr againn faoi mar a oibríonn an fhreagairt imdhíonachta, agus as ucht a cuid iarrachtaí chun bealaí a fhorbairt leis an bhfreagairt sin a rialú.

Sa Scoil Leighis, comóradh ceapachán na chéad mhná riamh in Ollúnacht Regius le Fisic (1637) i gColáiste na Tríonóide, an tOllamh Rose Anne Kenny i mí Iúil.

Bhronn an Cumann Cartlann agus Taifead an Duais Ellis ar Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, arb é seo an chéad uair a bronnadh an duais ar ghrúpa seachas ar dhuine aonair. Clár taighde is ea Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann a oibríonn chun an chartlann stáit a scriosadh i dtine i 1922 a athchruthú go digiteach.

Tá taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, an tOllamh Matthew Campbell agus an tOllamh Sarah Doyle i gceannas ar thionscadal €3.2m atá dírithe ar shaincheisteanna maidir le galair mheathlúcháin reitineacha ar a dtugtar EYE-D. Díreofar an tionscadal seo ar ghalair a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le teip amhairc dhian agus a mheastar ina leith go gcuireann siad isteach ar 224,000 duine in Éirinn, agus ar 40 milliún duine ar fud an domhain.

Fuair aon taighdeoir déag ó Choláiste na Tríonóide Gradaim do Bhuaiteoirí Tosaithe agus Comhdhlúiteora ón gComhairle um Thaighde in Éirinn i gcomhair taighde ar theorainneacha an eolais atá 'bunaithe ar fhiosracht'. Cuimsíonn a gcuid réimsí taighde cuir chuige nuálacha i leith cóireála do ghalair ar nós cineálacha ailse agus an ghalair scamhóige toirmeascach ainsealach, teicneolaíocht 6G a fhorbairt, idirchultúrachas i gceantair thuaithe in Éirinn, patrúin stoirmeacha atá ag athrú agus eolaíocht maidir leis an aeráid a chur in iúl. Roinnfear €24m san iomlán i measc 48 dtionscadal in Éirinn.

Sa Scoil Leighis, fuarthas sé cinn de Ghradaim Aistrithe Eolais HRB i mí na Samhna. Fuarthas na gradaim seo i gcomhair réimse éagsúil réimsí taighde: cúram trámathreoraithe ar mhaithe le sábháilteacht agus cumhachtú othar i dtimpeallachtaí géara agus éigeandála, cláir fhor-rochtana ríomhfhoghlama atá bunaithe ar chomhbhá do ghairmithe a thugann aire d'othair a bhfuil Galar Huntington orthu, agus staidéar chun dul i dteagmháil le hothair agus a dteaghlach, oideachas a chur orthu agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh maidir le tuiscint a fháil ar airtríteas réamatóideach agus cóireáil a dhéanamh air.

Bhuaigh an Dr Lara McManus, an Dr Mark Mitchison agus an Dr Matthew Walters Ánrachtaí Taighde ó Ollscoil an Chumainn Ríoga le go mbeidh siad in ann a gcuid gairmeacha taighde a fhorbairt i gColáiste na Tríonóide. D'éirigh leis an triúr díobh sa chlár a mhaoinigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann, atá leagtha amach chun cuidiú le heolaithe sármhaithe barr a gcumas a bhaint amach trí bheith ina gceannródaithe ina réimsí féin.

Bhí ochtar taighdeoirí ó Choláiste na Tríonóide ar liosta na dTaighdeoirí Sárluaite 2022: Tá na hOllaimh Valeria Nicolosi, Andrew Bowie, Stefano Sanvito, Brian Lucey, Padraic Fallon, Luke O'Neill (in dhá réimse faoi leith) agus Jonathan Coleman ar fad ann, agus is le Patrick Devine-Wright, atá lonnaithe in Ollscoil Exeter, ach a bhfuil baint thánaisteach aige le Coláiste na Tríonóide, a chuirtear críoch leis an liosta.

I mí na Samhna, fuair an Dr Kenneth Silver, Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide, an Dr Colm Delaney, AMBER agus an Dr Elaine Corbett, TCIN, na gradaim Deontas Tosaithe ERC a bhfuil an-tóir orthu agus ar fiú suas le €5m iad. Leis an Deontas Tosaithe, tacaítear le Príomhimscrúdaitheoirí iontacha ag céim na gairme ina bhfuil siad ag cur tús le foireann nó clár taighde neamhspleách dá gcuid féin.

Le linn searmanais sa Fhrainc, fuair taighdeoirí ó Lárionad na Tríonóide um Nuálaíocht Chleachtais agus Cúraim Sláinte an ' Gradam Idirnáisiúnta um Silver Eco agus um Aosú Folláin' mar aitheantas dá ' tionscadal H2020 Eorpach SEURO' mar thionscadal taighde barrthábhachtach chun nuálaíocht a chur chun cinn sa réimse maidir le haosú folláin.

Fuair taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide infheistíocht €5.7m i dtionscadail bonneagair taighde tríd an gCiste Bonneagair Taighde SFI. Ba iad na faighteoirí a bhí i gceist ná an Dr James Meaney, Ollamh Cliniciúil, Máinliacht; an tOllamh Redmond O'Connell, Néareolaíocht agus an Dr Stephen Dooley, Ollamh Comhlach, Fisic.

Fuair taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, an Dr Sarah Doyle agus an Dr Marius de Leeuw gradaim Chomhdhlúiteora mheasúla ERC i mí Eanáir. Deanfaidh siad iniúchadh faoi mar is féidir linn leas a bhaint as ár gcóras imdhíonachta chun daille a chomhrac agus samhlacha a lorg a d'fhéadfadh cuidiú linn tuiscint a fháil ar fhoréimsí anaithnide den fhisic agus iniúchadh a dhéanamh orthu.

I mí an Mhárta, bronnadh Ard-Deontas ERC €2.5m ar an Ollamh Ohlmeyer as ucht a tionscadail VOICES, a oibríonn chun taithí saoil na mban in Éirinn sa luath-aois nua a athaimsiú.

Bronnadh Deontas Tosaithe ERC €1.5m ar an Dr Susan Murphy chun oibriú i dtreo teoiric agus cleachtas an rialachais forbartha idirnáisiúnta a chlaochlú.

Bhuaigh an tOllamh Ed Lavelle ó Scoil Bhithcheimice Choláiste na Tríonóide Gradam Bliantúil Chumann na hÉireann um Imdhíoneolaíocht as ucht a chuid oibre suntasaí i ndáil le taighde agus oideachas san imdhíoneolaíocht in Éirinn.

Fuair dhá thionscadal déag de chuid Choláiste na Tríonóide maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar fud réimse disciplíní taighde. I mí na Bealtaine, fógraíodh 62 deontas san iomlán dar luach €42m chun tacú le taighde ar fud na 13 Insitiúid Ardoideachais tríd an gClár Teorainneacha don Todhchaí ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Bhuaigh an tOllamh Christine Casey i Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí Ard-Deontas ERC dar luach €2.5m i mí Iúil. Baineann an maoiniú le tionscadal cúig bliana dar teideal STONE-WORK lena ndéantar athmheasúnú ar stair na hailtireachta sa Bhreatain agus in Éirinn trí mheán na cloiche.

Bhuaigh an Dr Tamara Boto ón Roinn Fiseolaíochta agus ón Institiúid Néareolaíochta Gradam Forbartha Gairme Wellcome dar luach €1.8m.Déanann sí staidéar ar an mbealach a phróiseáiltear gnéithe tábhachta nó suntasachta san inchinn, agus ar an gcaoi a théann siad i bhfeidhm ar chuimhní, i gcomhthéacs na sláinte agus na ngalar.



## 5. Nuálaíocht agus Tráchtálú

I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinneadh athstruchtúrú ar Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I), agus is Fiontar & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TrI&E) a thugtar air anois. Mar chuid den atheagrú seo, comhtháthaíodh an Oifig um Thaighde a Fhorbairt le hOifig Dhéan an Taighde. Is Taighde Choláiste na Tríonóide a thugtar air anois. Le linn na tréimhse seo, chuimsigh TrI&E Malartú Eolais (KnEx), Conarthaí Taighde & CONSULT, Portal, EI Technology Centre agus Learnovate I mí Bealtaine 2023, comhtháthaíodh Tangent agus an Túr i gColáiste na Tríonóide Thoir le TrI&E. Tá sé beartaithe go mbeidh Tairseach, ón tréimhse 2023-24 ina geata fhíorúil isteach i gColáiste na Tríonóide agus ina mol fisiceach a bheidh lonnaithe i gColáiste na Tríonóide Thoir. Is trí Tairseach a dhéanfar éascaíocht ar rannpháirtíocht sheachtracha le tacaíochtaí TrI&E.

**Buaicphointí**

- Reáchtáladh Gradaim Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide i mí na Samhna 2022 sa Phroinnteach. Bhuaigh an tOllamh Oral Hardiman Gradam Nuálaíochta an Phropaist agus bhuaigh an tOllamh Werner Blau an Gradam Saoil. I measc na ndaoine eile a fuair gradam, bhí na hOllaimh Marco Ruffini, Ed Lavelle, Lewys Jones, Ian Donohue, Mary McCarron, Peter Crooks, Jacinta O'Sullivan, Stephen Dooley, Ann-Marie Healy, Nessa McNiff agus Ann Devitt
- Thosaigh an Dr Michelle Olmstead amach mar Phríomhoifigeach Nuálaíochta agus Fiontraíochta i mí Bealtaine 2023.

**Buaicphointí KnEx (An Oifig um Aistriú Teicneolaíochta):**

- I mí na Nollag 2023 a thiocfaidh deireadh leis an Tionscamh um Aistriú Teicneolaíochta a Neartú-3 (TTSI-3), trínar maoiníodh an fhoireann KnEX (buiséad paitinne san áireamh) le seacht mbliana anuas. I mí an Mhárta 2023, chuir Coláiste na Tríonóide iarratas mór ar mhaoiniú nua isteach (2024-2027) faoin gclár nua KTBoost. Beidh maoiniú don chlár seo (€34m go náisiúnta chun tacú le hOifigí um Aistriú Teicneolaíochta) ag teacht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) agus ó Fhiontraíocht Éireann.
- Ceadaíodh ceithre chuideachta campais nua sa tréimhse 2022-23: péire sa réimse sláinte (Néareolaíocht Ulysses agus Starling Surgical), ceann amháin in ICT (Darwin & Goliath) agus ceann amháin i réimse na n-eolaíochtaí fisiceacha (turboTEM). Chomh maith leis sin, cheadaigh Fiontraíocht Éireann cúig cinn de ghnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta (HPSUnna) de chuid Choláiste na Tríonóide in 2022-23 (Parvalis Tx. Akara Robotics, Lir Labs T/A Swan, Néareolaíocht Ulysses agus Athshlánú Digiteach (T/A Vertigenious) – chomh-mhac-chuideachta idir Coláiste na Tríonóide agus RCSI i gcúram sláinte.
- Leanadh d'infheistíocht shuntasach a dhéanamh i gcuideachtaí campais Choláiste na Tríonóide in 2022-23 trí mhaoiniú cothromais agus neamhchothromais. Bhailigh Swan, Biologit, Senoptica, Head Diagnostics, CroiValve, Parvalis agus AilseVax breis agus €15m i réamh-shíol-chistiú agus i maoiniú leantach.
- Rinne Coláiste na Tríonóide agus RCSI MedTech Innovator (i gcomhpháirtíocht le MedTech Strategist) a óstáil i gcomhar lena chéile i mí Aibreáin 2023. Roghnaíodh Plio Surgical i gColáiste na Tríonóide ar cheann amháin de cúig iomaitheoir sa bhabhta ceannais don chomórtas gradaim Vision 2023 ag an gCruinniú Mullaigh do Nuálaithe MedTech i gCalifornia i mí an Mheithimh 2023 agus a roghnaíodh don Luasaire do Nuálaithe MedTech 2023.
- Shealbhaigh Saotharlanna Randox Cellix Ltd, ar cuideachta campais de chuid Choláiste na Tríonóide é a bunaíodh sa bhliain 2006.
- Reáchtáladh Gradaim Impact Aistriú Eolais Éireann i mí na Samhna 2022. Bhuaigh Coláiste na Tríonóide péire den cheithre ghradam agus an gradam Tionchar na Tráchtálaíochta á bhuachan ag SilverCloud Health agus gradam Rogha an Phobail á bhuachan ag Proverum Medical.
- Ar fud an dá Chiste Idirlinne Coláiste, rinne Ciste Idirlinne an Atlantaigh infheistíocht i naoi gcuideachta ó Choláiste na Tríonóide (39 san iomlán).
- Reáchtáladh an chéad chomhdháil de Chumann Aistrithe Eolais na hÉireann (IKTA) i Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide i mí Bealtaine 2023. Bhí ról ríthábhachtach ag an Dr Gordon Elliott (Cathaoirleach) agus Emma O'Neill (Rúnaí) maidir leis an gcumann a chur ar bun. Déanann IKTA ionadaíochta ar leas na nOllscoileanna agus na nOllscoileanna Teicniúla ar fud oileán na hÉireann.
- Rinne Coláiste na Tríonóide agus RCSI óstáil ar bheart mac-chuideachtaí acadúla BioEquity Europe i mí Bealtaine 2023. Rinne trí mhac-chuideachta de chuid RCSI agus trí mhac-chuideachta de chuid Choláiste na Tríonóide (AilseVax, Vizarii Therapeutics, Parvalis Therapeutics) cur i láthair.
- Chuir trí ghnólacht nuathionscanta de chuid Choláiste na Tríonóide (Darwin & Goliath, TiLT and Vzarii) a smaoineamh gnó chun cinn ag seóthaispeántas EI dar teideal 'Big Ideas'.

**Meadaracht maidir le Maoin Intleachtúil**

- Fuair oifig KnEx 57 nochtadh maidir le maoin intleachtúil nuálach a chruthaigh taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, comhdaíodh 14 nua iarratas ar phaitinn, agus bronnadh 21 cheadúnas tráchtála ar fud réimse leathan earnálacha. Ceadaíodh ceithre chuideachta campais nua a bhunú i gColáiste na Tríonóide in 2022-23.

| | 2017-18 | 2018-19 | 2019-20 | 2020-21 | 2021-22 | 2022-23 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirm nochta aireagáin | 80 | 62 | 55 | 48 | 54 | 57 |
| Paitinní | 19 | 13 | 27 | 16 | 16 | 14 |
| Ceadúnais | 27 | 16 | 26 | 32 | 22 | 21 |
| Cuideachtaí campais agus mac-chuideachtaí | 5 | 4 | 5 | 8 | 3 | 4 |

**Buaicphointí na Foirne Tionscail**

Rinne comhpháirtithe fiontraíochta infheistíocht €7.8m i gcláir thaighde le linn 2022-23 (mar a tomhaiseadh de réir gradaim tionscail a cuireadh i gcrích) Áirítear an méid a leanas le roinnt de bhuaicphointí na bliana:

- Seoladh Comhaontas Candamach na Tríonóide i mí Bealtaine 2023 (arna óstáil ag CRANN), inar tugadh saineolaithe ó réimse an tionscail agus an taighde le chéile chun oibriú i gcomhar lena chéile ar thionscadail nuálacha maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht chandamach, ionsamhlú, oideachas agus ríomhaireacht. I measc comhpháirtithe bunaithe an Chomhaontais, tá Coláiste na Tríonóide, Microsoft, IBM, Horizon Computing, Algorithmiq agus Moody’s Analytics.
- Fógraíodh maoiniú €3.2m don Chomhpháirtíocht Straitéiseach EYE-D atá faoi cheannas na nOllamh Sarah Doyle agus Matthew Campbell. Tá Roche, Disarm/Eli Lilly, Progressive Vision Research, agus Fighting Blindness Ireland páirteach sa chomhpháirtíocht. I dteannta a chéile, cuirfidh na grúpaí seo maoiniú €1.6m ar fáil chun cláir taighde éagsúla a chur chun cinn atá dírithe ar na bunchúiseanna atá le galair meathlúcháin na súl a aithint.
- Mar gheall ar infheistíocht leanúnach €2m sa chlár Precision ALS Spoke ó chomhpháirtithe tionscail ar feadh na bliana 2022-23, bhíothas in ann taighde tábhachtach breise a dhéanamh chun léargais nua a fháil maidir leis an tuiscint atá againn ar an nGalar Néarón Luadrach (MND).
- Bronnadh €41.3m ar an Climate+ Co-Centre i mí Mheán Fómhair 2023. Tá an t-ionad taighde atá faoi stiúir an Ollaimh de chuid na Tríonóide, Yvonne Buckley, ina ionad taighde trí-dhlínse chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, caillteanas bithéagsúlachta agus díghrádú uisce ar oileán na hÉireann agus ar oileán na Breataine. Faigheann an t-ionad maoiniú ó SFI, Roinn Talmhaíochta. Comhshaoil & Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann, agus UK Research and Innovation le tacaíocht mhaoinithe ó 29 comhpháirtí tionscail.

**Sainchomhairleoireacht**

Ar bhuaicphointí Aonad Sainchomhairleoireachta Bainistithe Choláiste na Tríonóide, CONSULT Choláiste na Tríonóide, áirítear:

- Síníodh 48 comhaontú sainchomhairleoireachta san iomlán le luach conartha €655,502 i gceist leo san iomlán.
- Bhí ioncam admhaithe €617,623 i gceist.
- Eagraíodh gníomhaíochtaí for-rochtana rialta i gcaitheamh na bliana ar nós an lón líonraithe a d’óstáil CONSULT Trinity I Mheán Fómhair 2023. Ba í an Dr Michelle Olmstead, an Príomhoifigeach nua um Nuálaíocht agus Fiontraíocht a d’oscail é agus áiríodh cás-staidéir agus cuir i láthair ó úsáideoirí seirbhíse leis.

**Conarthaí Taighde / Maoiniú a Bronnadh**

- I rith na bliana acadúla 2022-23, rinne an Oifig Forbartha Taighde fónamh maidir le 1,053 togra a raibh luach €553m ag gabháil leo.
- In 2022-23, rinne an Oifig Conarthaí Taighde próiseáil ar 1039 conradh taighde a raibh luach €156.3m i gceist leo san iomlán. Maidir leo sin, bronnadh 801 conradh ar Choláiste na Tríonóide (dar luach €126.8m) agus eisíodh 238 conradh ó Choláiste na Tríonóide chuig eintitis sheachtracha (dar luach €29.5m). Bhronn SFI €29.4m san iomlán ar Choláiste na Tríonóide, bhronn EU Horizon Europe €32.6m agus bhronn Fiontraíocht Éireann €6m.
- Bronnadh Gradam Aistrithe CNE €2.5m ar an Ollamh Wolfgang Schmitt chun a chuid teicneolaíochta dírghabhála carbóin (CO2) a fhorbairt.
- Seoladh an clár Mol ARC (Borradh chun na Tráchtálaíochta a chur faoi Thaighde), atá maoinithe ag SFI, i mí an Mheithimh 2023. Is gradam suntasach é seo (~€100m arna mhaoiniú ag ERDF, chun maoiniú a chur ar fáil do 2-3 ionad ar bhonn náisiúnta). Chuir an tOllamh Vincent Kelly togra iontach isteach i réimse na nuálaíochta teiripí, mar an príomhiarratasóir, agus RCSI agus UCD mar chomhiarratasóirí.
- Seoladh Tionscnamh na Nuálaithe ó Fhiontraíocht Éireann in 2022 - is luasaire nuálaíochta tumthach é seo atá bunaithe ar riachtanais. In 2023, chuir Coláiste na Tríonóide tairiscint isteach le RCSI (mar an príomh-RPO), DKIT, Tyndall agus DCU i réimse na sláinte Digití (DigiBio).
- Ghlac baill den fhoireann Conarthaí páirt sa Ghrúpa Conarthaí Taighde Ardoideachais (‘HERCG’) agus sna foghrúpaí oibre éagsúla. Tá sé mar aidhm ag an HERCG idirghníomhú idir pearsanra atá ag obair i gconarthaí taighde ar fud na hEarnála Ardoideachais in Éirinn a chur chun cinn agus a éascú. Trí sin a dhéanamh, chuíchóirigh an HERCG an próiseas conraitheoireachta do thaighde trí chonarthaí, forálacha agus doiciméid teimpléid eile a chruthú (doiciméid threoracha), agus trí fhaisnéis a roinnt lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do chórais, nósanna imeachta agus próisis, a bhfuil cumarsáid fheabhsaithe agus cur chuige comhoiriúnaithe ag baint leo ar fad ar fud na hearnála le go mbeifear in ann tús tráthúil a chur le tionscadail taighde.

## 5.3 LaunchBox agus Blackstone LaunchPad

Tá bonn curtha le LaunchBox, Brostaitheoir Mac Léinn de chuid Tangent, agus gorlann iomráiteach do mhic léinn, faoi líon is mó ná 110 fiontar ó cuireadh an clár ar bun sa bhliain 2013. Tá níos mó ná €100 milliún de mhaoiniú agus d'infheistíocht aimsithe ag na fiontair sin. I measc na n-alumnus roimhe seo, tá TouchTech Payments, ar cheannaigh Stripe iad ar €9m in 2019, Artomatix ar ceannaíodh iad ar bhreis agus €60m in 2019, agus an fiontar sóisialta Foodcloud a dháil níos mó ná 100m béile ar fud an RA agus ar fud na hÉireann go dtí seo trí chur amú bia a laghdú.

Roghnaíodh deich gcinn de mheithle tionscanta faoi stiúir mhic léinn maidir le bheith páirteach i LaunchBox le linn shamhradh na bliana 2023 – agus bhí leas acu as cóitseáil, comhairle saineolais, síolchistíocht agus deis ar spás agus áiseanna gorlainne.

I measc na rannpháirtithe ar an gclár i mbliana, bhí Souper Fresh, atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus a dhéanann anraithí blasta ó mheadhg, ar táirge fuíll ó dhéantúsaíocht cháis atá ann; Neuro Sound a d’fhorbair gaireas crua-earraí agus bogearraí chun monatóireacht a dhéanamh ar an riosca atá ar dhuine maidir le stróc, agus MicroDoc, ar cúntóir páipéarachais é do chleachtais leighis.

Buaiteoir LaunchBox na bliana 2023 ab ea Fam World. Ba é Robert Davitt agus comhbhunaithoer Rohan Perrera a bhunaigh Fam World, ar trí sin a cruthaíodh ardán do thaistealaithe óga atá faoin bhun aois 18 chun nascadh le teaghlaigh óstacha, ar nós an "Airbnb of student travel."

Ní hé LaunchBox an t-aon chóras trínar féidir le mic léinn bunchéime agus iarchéime Choláiste na Tríonóide a gcuid scileanna fiontraíochta a chothú. Le Tangent, Spás Oibre na Smaointe i gColáiste na Tríonóide, cuirtear ar fáil raon leathan clár do mhic léinn, baill foirne, alumni agus an pobal, leis an gclár Gorlainne Oscailte, haiceatóin agus dúshláin nuálaíochta, máistir-ranganna, oideachas iarchéime, meantóireacht, agus rochtain ar éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

# 6. Acmhainní Daonna

Cuirtear chun cinn fís na hOllscoile le hAcmhainní Daonna trí bhaill phobal Choláiste na Tríonóide a chumhachtú agus a chumasú le bheith faoi bhláth. Tacaíonn an Rannóg Acmhainní Daonna le daoine aonair, le foirne agus le feidhmíocht na hOllscoile agus déanann sí iad a láidriú. Déantar é seo trí réitigh a fhorbairt agus a chur ar fáil lena gcumasaítear lucht Choláiste na Tríonóide chun eagraíocht éifeachtach sholúbtha a dhéanamh den choláiste, ina bhfuil an meas céanna ar gach ball den phobal. Is é an Mheitheal Comhpháirtíochta AD an condúit trína gcuirtear cuid mhór de na seirbhísí AD ar fáil do phobal an Choláiste.

Is féidir an obair a cheapadh le trí cinn de phríomhcholúin:

- Cumas Daoine
- Abhcóideacht ar son Daoine
- Oibríochtaí maidir le Daoine

## 6.1 Cumas Daoine

Tá gníomhaíocht earcaíochta ag fás i gcónaí ar fud Choláiste na Tríonóide. Bhí na leibhéil earcaíochta is airde riamh ann sa bhliain 2022-23, agus líonadh raon leathan ról lenar cuimsíodh gach cineál gníomhaíochta Ollscoile: poist acadúla (159) lena n-áirítear seacht bpost Ollúnachta; agus poist Gairmiúla agus Tacaíochta (545) lena n-áirítear róil ar fud réimsí éagsúla amhail poist Theicniúla, poist Bainistíochta agus Riaracháin, róil le Foirgnimh agus Seirbhísí agus róil sa Leabharlann.

Le linn na bliana, fuarthas 15,927 iarratas ar róil, ar 22 iarratas ar an méan in aghaidh gach aon fholúntais atá i gceist. Cuireadh sé mhíle dhá chéad is a cúig duine ar ghearrliostaí le haghaidh agallaimh, agus eisíodh 671 tairiscint ar phost. As na tairiscintí a eisíodh, glacadh le 95% díobh ag an rogha iarrthóir.

D'aistrigh dhá chéad seasca a naoi ball foirne de chuid Choláiste na Tríonóide chuig róil eile go hinmheánach i gcaitheamh na bliana, le 64% de na daoine sin ag aistriú chuig post ag céim níos airde. Tá neamhfhreastal deonach íseal i gcónaí ag 2.8%. Cruthaíodh go leor de na folúntais ionaid mar gheall ar dhaoine a bheith ag athrú ról, a léirigh go mbíonn deiseanna maithe ann ó thaobh soghluaiseacht gairme de. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na dtaighdeoirí atá ann freisin, le 580 comhalta taighde agus 421 cuntóir taighde fostaithe i gColáiste na Tríonóide le linn na tréimhse seo.

### Ardú Céime an Aosa Léinn agus Dul chun Cinn

Roimh oscailt Ghairm na bliana 2021 maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh (SAPC), rinneadh athbhreithniú eatramhach ar an bpróiseas agus aithníodh roinnt athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh láithreach chun an próiseas a fheabhsú do ghairm na bliana 2021.

Cheadaigh an Bord na hathruithe seo a leanas do ghairm SAPC na bliana 2021:

- Cinnteoireacht maidir le hOllamh Comhlach agus Ollamh a chur chun cinn a fhágáil faoi leibhéal na dáimhe
- Cinnteoireacht maidir le Léachtóir Sinsearach/Sainchomhairleoir agus Ollamh/Sainchomhairleoir Comhlach a chur chun cinn a fhágáil faoi leibhéal na dáimhe (Scoil na hEolaíochta Fiaclóireachta/DDUH)
- Leantar den Choiste um Ardú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh de réir mar atá i dtaca le hOllamh le (Ollúnacht Phearsanta) agus le hOllamh le (Ollúnacht Phearsanta)/Sainchomhairleoir (Scoil na hEolaíochta Fiaclóireachta/DDUH)
- Leantar den Choiste um Ardú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh de réir mar atá, i dtaca le cásanna maidir le coinneáil
- Moladh Coistí nua Dáimhe um Ardú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh le suas le 11 comhalta.

- An Leas-Phropast chun Cathaoirleacht a dhéanamh ar gach Coiste Dáimhe um Ardú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh
- Ainmní an Leas-Phropaist chun Cathaoirleacht a dhéanamh ar Choiste um Ardú Céime an Aosa Léinn Shóisearaigh
- Próiseas moltóra níos simplí - tá ar an iarrthóir ainmneacha seisear moltóirí seachtracha a chur isteach de réir ordú céime is rogha

Ina dhiaidh sin, cuireadh tús le Gairm 2021 maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh ar an 28 Deireadh Fómhair 2022 agus cuireadh deireadh léi ar an 15 Nollaig 2022.Mar thoradh ar na hathruithe a rinneadh ar an bpróiseas, bhíothas in ann na torthaí a thabhairt d'iarrthóirí ar an 5 Aibreán 2023.

Tacaíodh le gairm na bliana 2021 trí cheardlanna faisnéise d'iarratasóirí ionchasacha maidir le hArduithe Céime an Aosa Léinn Shóisearaigh ar fud na ndámh, agus bhí breis agus 300 ball foirne acadúil i láthair. Thacaigh Foireann Fheidhmíocht an Lucht Foirne agus Athbhreithnithe leis an nGairm seo maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh 2021*, ina bhfuarthas 159 iarratas, agus inar roghnaíodh 47* iarrthóir i gcomhair ardú céime. As na hiarrthóirí a fuair ardú céime, ardaíodh 22* díobh chuig Comhollamh, ardaíodh 20 chuig Ollamh sa, ardaíodh duine amháin* chuig Comhollamh/Sainchomhairleoir agus ardaíodh ceathrar chuig Ollamh le (Ollúnacht Phearsanta).

*Áirítear leis seo duine amháin a fuair ardú céime chuig Ollamh Comhlach agus duine amháin a fuair ardú céime chuig Ollamh Comhlach/Sainchomhairleoir faoin Athbhreithniú um Ardú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh – Scoil na hEolaíochta Fiaclóireachta/Ospidéal na hOllscoile Fiaclóireachta, Baile Átha Cliath.

Le linn na tréimhse seo, rinne Coiste um Ardú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh an méid a leanas freisin:

- Rinneadh athbhreithniú ar chúig iarratas i dtaca le coinneáil (cóimheas 2: 3 fir/mná) ar trí sin a fuair ceithre iarratasóir ar choinneáil ardú céime chuig Ollamh agus duine amháin chuig Ollamh Comhlach.
- Rinneadh 52 ainmniúchán taca a bhreithniú agus a cheadú. Áiríodh leis sin 23 ainmniúchán ceadaithe do theidil mar Ollamh Comhlach Taca, 26 ainmniúchán ceadaithe do theidil mar Ollamh Taca, dhá ainmniúchán ceadaithe do theidil mar Ollamh Oinigh. Maidir leis na hainmniúcháin a ceadaíodh, bhí 37 gcinn ina n-ainmniúcháin nua agus bhí 14 cinn ina síneadh. Chuimsigh an cohórt seo 23 bean agus 29 fear. s mar seo a leanas an miondealú ar an dámh: 14 ó AHSS, 30 ó FHS, agus 7 ó STEM.

**Coiste Dhul Chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh**

Rinne Coiste Dhul Chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh agallamh a chur ar 28 nOllamh Cúnta a bhí ar bhealach tionachta dá n-athbhreithniú deiridh tionachta. D'éirigh leis an bhfiche is a hocht iarratasóir agus ar aontú an Bhoird leis, eisíodh na conarthaí buana. Bhí ionadaíocht chothrom inscne i gceist leis an gcohórt seo.

Cuireadh tús le Gairm Dhul Chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh 2023 Dé Luain an 31 Iúil 2023 agus cuireadh deireadh leis an 27 Meán Fómhair 2023. Beidh figiúirí maidir leis an ngairm seo infheidhme do Thuarascáil Bhliantúil 2023-24.

**Forbairt**

Cuireadh ochtó is a sé imeacht foghlama ar fáil sa bhliain 2022-23 sna catagóir seo a leanas, ar ghlac 1,359 duine páirt iontu:

- •Forbairt scileanna gairmiúla agus pearsanta
- Clár Forbartha d'Ollaimh Chúnta i mBliain 1 – 4
- Do Ghairm Taighde a Chur chun Cinn (ARC) - taighdeoirí luathghairme
- Cláir Forbartha maidir le Ceannaireacht
- Bearta idirghabhála saincheaptha foireannbhunaithe
- Bearta idirghabhála, lena n-áirítear meantóireacht don aos léinn.
- Naisc agus Imeachtaí Folláine
- Imeachtaí Fáilte

Lean an Fhoireann Forbartha Foghlama & Eagraíochta (L&OD) ar aghaidh leis na himeachtaí ar líne go príomha ach cuireadh cláir i bpearsa ar bun an athuair freisin. Forbraíodh ábhar chun tacú le forbairt an duine aonair agus foirne le feabhsuithe praiticiúla á ndéanamh ar thairiscintí forbartha bunaithe ar aiseolas.

- Tacaíodh le rannpháirtithe Chlár Advance HE Forbartha Aurora maidir le Ceannaireacht na mBan trí chlár inmheánach.
- Do Ghairm Taighde a Chur chun Cinn (ARC): Reáchtáladh Clár um Straitéisí i ndáil le Ceannaireacht Taighde (ARC) le 21 rannpháirtithe agus le sraith máistir-ranganna praiticiúla ar cuireadh bailchríoch orthu le ceiliúradh ar na héachtaí a rinneadh le tacaíocht ó Oifig Dhéan an Taighde.
- Leanadh d'Ionduchtuithe Nua d'Fhostaithe ar líne agus iad tacaithe ag creat breise tacaíochtaí fáilte struchtúrtha e.g., cuireadh Mol Nua d'Fhostaithe, seicliostaí ionduchtaithe Áitiúla faoi Stiúir Bainisteoirí agus imeachtaí nasctha caife ar bun ar bhonn píolótach.
- Reáchtáladh imeachtaí maidir le hIonduchtú Acadúil, Ceann na Scoile agus Ceann an Disciplín dóibh sin a bhí ag aistriú isteach i róil.
- Trí fhorbairt mhodúlach foireannbhunaithe, tacaíodh le foirne slána feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht i ndomhan oibre cumaiscthe.
- Áiríodh leis na cláir idir-ollscoile cláir lena dtacaítear le dul chun cinn na mban sa saol acadúil – An Clár um Ullmhú do Dhul chun Cinn sa Saol Acadúil (PAA), agus Vista, mar aon le clár píolótach piarmheantóireachta 'Collaborate'.

## 6.2 Abhcóideacht ar son Daoine

Ba ghnóthach an bhliain arís í ag an bhfoireann AD ag cur comhairle sárchleachtais, cúnamh taca agus cóitseála ar fáil do phobal an Choláiste maidir le ceisteanna a bhain le daoine a láimhseáil. Chuir an fhoireann AD, tríd an bhfoireann um Chaidreamh le Fostaithe, dlús breise leis an gcaidreamh le hionadaithe ceardchumainn, le ceannasaithe agus le bainisteoirí d'fhonn timpeallacht oibre agus staidéir chomhchuí thairbheach a chinntiú don lucht foirne agus do na mic léinn.

Luath i dTéarma na Féile Michíl, tugadh mionsonraí a bhain le scéim Cosanta Ioncaim Deonaí agus Árachais Saoil Dheonach don lucht foirne chun críche, a comhaontaíodh ag ráta iomaíoch. Rolladh amach í seo agus glacadh go fonnmhar léi i measc na ndaoine a bhí incháilithe lena haghaidh.

I ndiaidh ghníomhaíocht chomhairliúcháin na bliana seo caite, thug AD athbhreithniú Pholasaí um Dhínit agus Meas na hOllscoile agus forbairt an Pholasaí nua um Mí-iompar Gnéasach chun críche. Beidh ról tábhachtach réamhghníomhach ag na polasaithe nua seo agus ag an bplean chun tacú lena gcur i bhfeidhm ó thaobh cultúr sábháilte measúil tacúil a chothú san institiúid do na mic léinn agus don lucht foirne araon.

Mar gheall ar reachtaíocht fostaíochta nua a tugadh isteach sa bhliain 2023, b'éigean Polasaí Saoire um Fhoréigean Baile agus Polasaí Saoire um Chúram Leighis a fhorbairt. Tugadh faoi thaighde maidir le dea-chleachtas agus comhairliúchán mar ullmhúchán i dtaca le polasaithe a fhorbairt. Chomh maith leis sin, b'éigean cuid dár bpolasaithe maidir le saoirí teaghlaigh a nuashonrú de bhun na reachtaíochta nua seo, ar ina leith sin a cuireadh tús le hathbhreithniú polasaí le linn na tréimhse seo.

Le linn na tréimhse seo, thug an fhoireann Caidrimh idir Fostóir agus Fostaithe ceannaireacht ar son na hOllscoile ar shaincheisteanna aonair agus ar shaincheisteanna a bhain leis an bhfoireann in éineacht ag 15 chomhdháil idir-réitigh de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, i seacht bhfiosrúchán ag oifigigh breithniúcháin agus ag dhá éisteacht sa Chúirt Oibreachais. Ina theannta sin, chuidigh an fhoireann le Bainisteoirí/Ceannairí maidir le fiosruithe inmheánacha ionaid oibre faoi phróisis chasaoide, araíonachta agus dínite agus measa.

## 6.3 Oibríochtaí maidir le Daoine

Lean na méideanna oibre in Oibríochtaí AD de dhul i méid bliain i ndiaidh bliana. Tá sé seo le sonrú i ngach réimse Oibríochtaí, lena n-áirítear Seirbhísí d'Fhostaithe, Ionduchtú, Párolla, Pinsin agus Sochair. Mar gheall ar na méaduithe seo, b'éigean dúinn breathnú ar an mbealach ina n-oibrímid agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcuspóir 'cad chuige' i.e. 'cad chuige' a gcuirimid próiseas i gcrích ar bhealach áirithe, conas is féidir linn ár bpróisis a fheabhsú do AD agus dár gcustaiméirí. Is é an sprioc atá againn in Oibríochtaí athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar ár bpróisis oibríochta d'fhonn feabhas a chur ar ár gcaidreamh le custaiméirí/AD i bpobal an choláiste. Trí cheardlanna maidir le seirbhís agus próiseas a mhapáil, oiliúint a thabhairt isteach i ndáil le modheolaíochtaí feabhsaithe próiseas Lean, tá AD ag féachaint le gach próiseas AD a chaighdeánú, a shimpliú agus a chuíchóiriú.

### Seirbhísí AD

Sa bhliain acadúil seo, bhíothas an-sásta le cur i bhfeidhm dámhachtainí pá de réir Ag Dul ó Neart go Neart. Rinneadh méaduithe siardhátaithe ón 2 Feabhra agus méadú ón 1 Deireadh Fómhair 2022 a phróiseáil i bpárolla mhí na Samhna 2022.

- An 17ú Samhain 2022 ar Phárolla FN le hardú €187k do 550+ fostaí
- An 18ú Samhain 2022 ar Phárolla Míosúil le hardú €2.3m do 3,600+ fostaí
- Chomh maith leis sin, rinneadh athchóiriú FEMPI mhí Iúil 2022 a shiardhátú agus a íoc

Chuir an Fhoireann um Sheirbhísí d'Fhostaithe méid suntasach oibre i gcrích, lenar áiríodh áirimh ábhartha a chur i gcrích, mar aon le seiceálacha mionsonraithe lena chinntiú gur íocadh riaráistí i gceart.
Cuireadh obair shuntasach i gcrích le linn na tréimhse seo i roinnt réimsí de réir mar a leagtar amach thíos:

- Scanadh níos mó ná 6000 doiciméad isteach sa Chóras Bainistithe Doiciméad (DMS)
- Mar thoradh ar athrú ar chritéir i MA Jure Officii (MAJO) d' Fhostaithe Choláiste na Tríonóide, próiseáladh 429 iarratas (bhí an uimhir seo i bhfad ní b'ísle sa bhliain roimhe sin ag 57)
- Próiseáladh 418 dámhachtain Stipinne do Mhic Léinn.

Aithníodh roinnt tionscnaimh feabhsaithe próiseas agus cuireadh iad chun cinn, lenar áiríodh an Seicliosta Fágálaithe d'Fhostaithe agus Bainisteoirí, rinneadh scálaí pá nua do Shainchomhairleoirí Acadúla a neadú sna córais párolla agus rinneadh tascanna réamhfhostaíochta agus ionduchtaithe a lárú in aon fheidhm amháin mar chuid de thionscnaimh feabhsaithe próiseas.

### Pinsin agus Sochair

D'eisigh an fhoireann Pinsin ráiteas bliantúil ar bhaill níos sine den Scéim Eiseamláireach Pinsin den chéad uair agus cuirfear leis an gcohórt sa bhliain 2024. Fuair na fostaithe ar fad ar baill iad den Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nó den Scéim Pinsin Máistir a ráiteas bliantúil lenar clúdaíodh breis agus 3,000 fostaí. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an fhoireann le tríú páirtí chun comhfhreagras a eisiúint ar bhaill den Scéim Pinsin Máistir chun feasacht a mhéadú maidir leis an Tairseach Ciste Chaighdeánach (SFT) agus maidir leis an tionchar a bhaineann lena gcuid sochair, tugadh tuilleadh tacaíochta dó sin agus an fhoireann ag buaileadh le 80 fostaí aonair i mí Lúnasa 2023. Chomh maith leis sin, thug an fhoireann Pinsin faoi deara gur tháinig méadú ar líon na ndaoine a chuir iarratas isteach ar thacaíocht tríd an scéim Cosanta Ioncaim nua a tugadh isteach i ndeireadh na bliana 2021.

## 7. Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí

Bhí roinnt tionscnamh nua agus príomhimeachtaí i gColáiste na Tríonóide i rith na bliana acadúla 2022-23.

I mí na Samhna 2022, sheol Coláiste na Tríonóide an Grúpa Oibre um Athbhreithniú Leagáide a chruthaigh próiseas foirmiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar leagáidí stairiúla casta na hollscoile ó thráth a bunaithe sa bhliain 1592.

Bhreithnigh Grúpa Oibre Choláiste na Tríonóide um Athbhreithniú Leagáide aighneachtaí fianaisebhunaithe ó phobal na hollscoile agus ón bpobal i gcoitinne maidir le hainmniú Leabharlann Berkeley Choláiste na Tríonóide agus maidir le todhchaí taisí daonna á tógadh as Inis Bó Finne an chéad lá.

I ndiaidh cinneadh a rinne an Grúpa Oibre um Athbhreithniú Leagáide, d'fhógair Coláiste na Tríonóide i mí Feabhra go gcuirfí taisí daonna ar ais chuig Inis Bó Finne. Cheadaigh Bord na hOllscoile an cinneadh i ndiaidh tréimhse inar cuireadh taighde, anailís agus comhairliúchán poiblí i gcrích maidir le todhchaí na dtaisí.

I mí Aibreáin, fógraíodh go mbainfeadh Coláiste na Tríonóide an t-ainm Berkely Library den leabharlann toisc gur measadh nach raibh an t-ainm i gcomhréir le croíluachanna na hOllscoile maidir le dínit an duine, saoirse, uileaghabhálacht agus comhionannas. Rinne Bord na hOllscoile an cinneadh i ndiaidh tréimhse roinnt míonna inar cuireadh taighde, anailís agus comhairliúchán poiblí i gcrích arna mhaoirsiú ag an nGrúpa Oibre um Athbhreithniú Leagáide.

Ar Lá Fhéile Bríde, shuiteáil Coláiste na Tríonóide ceithre dhealbh nua sa tSeanleabharlann chun onóir a thabhairt do scoláireacht ceathrar ban ceannródaíoch. Is iad an t-eolaí Rosalind Franklin, an bealoideasóir, drámadóir agus bunaitheoir amharclainne Augusta Gregory, an matamaiticeoir Ada Lovelace agus an t-urlabhraí ar son chearta na mban a bhí ar thús cadhnaíochta, Mary Wollstonecraft na mná a bhfuil a macasamhail déanta i bhfoirm deilbhe. Tá siad ar taispeáint i measc 40 dealbh marmair a sheasann ar gach taobh den Seomra Fada, ar fir a bhí iontu ar fad go dtí seo.

Cuireadh tús leis an obair ollmhór i bhí i gceist le bailiúcháin na Leabharlainne a atheagrú mar chuid de Thionscadal Athfhorbartha na Seanleabharlainne i mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhí Propast Choláiste na Tríonóide, an Dr Linda Doyle, An Sparánaí, an tOllamh Eleanor Denny, agus Cartlannaí & Leabharlannaí an Choláiste, Helen Shenton in éineacht leis an Aire Malcolm Noonan le linn dó cuairt a thabhairt chun casadh le foireann na Leabharlainne a raibh páirt acu sa tionscadal stairiúil.

Thosaigh magairlín neamhchoitianta ag fás ar champas Choláiste na Tríonóide mar thoradh (toradh nach rabhthas ag súil leis) ar an gcinneadh deireadh a chur le lomadh i limistéir ainmnithe le linn mhí na Bealtaine, mar chuid den tionscnamh idirnáisiúnta No Mow May. Ba í an tOllamh Jennifer McElwain a thug an magairlín faoi deara agus a bhí in ann é a aithint mar ealabairín, ar magairlín fíorannamh é.

I mí na Samhna, d'fhogair Coláiste na Tríonóide go raibh athruithe á ndéanamh ar a Cairt d'fhonn go mbeifí in ann athchóirithe rialachais a chur i bhfeidhm. As seo amach, beidh Coláiste na Tríonóide in ann na hathchóirithe sin a chur ar bun in éineacht leis na hathchóirithe a éilítear de réir reachtaíocht nua chun rialachas ollscoile a athchóiriú ar fud na hearnála faoi Acht an Údaráis um Ardoideachas, 2022.

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2023, ainmníodh Coláiste na Tríonóide ina Curadh um Chomhionannas Inscne AE mar aitheantas ar a cuid iarrachtaí le céad bliain chun comhionannas inscne a bhaint amach ar an gcampas agus ina hearnáil. Bhronn an Coimisinéir Eorpach um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige, Maryia Gabriel, Gradam nua an Aontais Eorpaigh do Churaidh Comhionannais Inscne (Acadúla), a bhfuil duais €100,000 ag dul leis, ar thoscaireacht ó Choláiste na Tríonóide le linn searmanais sa Bhrúiséil.

Tugadh aitheantas breise do thiomantas Choláiste na Tríonóide do chomhionannas inscne leis an nGradam Airgid Institiúide Athena Swan as ucht comhionannas inscne a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, bronnadh gradaim Chré-umha Athena SWAN ar Scoil an Bhéarla, ar Scoil an Reiligiúin, na Diagachta agus an Staidéir Síochána agus ar Scoil an Leighis i mí na Samhna.

I mí an Mheithimh, comóradh tús oifigiúil an tionscadail athnuachana "Tairseach" i gColáiste na Tríonóide, ar trí sin a chruthófar mol comhoibre ina champas taighde agus nuálaíochta i gCeantar na nDugaí i mBaile Átha Cliath. Chuir an Propast Linda Doyle agus an Dr Tom Kelly, Fiontraíocht Éireann tús leis an tionscadal athnuachana le searmanas ina suiteáladh an chéad fhuinneog sna trádstórais a bhíodh ag ceannaithe loingis ar Ché na Canálach Móire, áit a mbeidh an Tairseach lonnaithe.

Thacaigh Oifig na Gaeilge le réimse tionscnamh i rith na bliana lena n-áirítear An Scéim Cónaithe, lóistín Gaeilge na hOllscoile, agus cúrsaí Gaeilge saor in aisce don fhoireann agus do mhic léinn a reáchtáladh ag am lóin.

Fáiltíodh roimh mhic léinn le Gaeilge ó na Stáit Aontaithe, ón mBeilg agus ó Éirinn ar an Scéim Cónaithe. Is cuid lárnach de phobal Gaeilge na hOllscoile iad na mic léinn seo agus cuireann siad réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar bun chun an teanga a chur chun cinn agus rannpháirtíocht a spreagadh i measc a gcomh-mhic léinn.

Chuir Oifig na Gaeilge seirbhís aistriúcháin agus profála ar fáil do gach rannóg san Ollscoil lena n-áirítear tacaíocht do theacht i bhfeidhm Alt 10A. d’Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 maidir le fógraíocht trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí.

Reáchtáladh Éigse na Tríonóide ar feadh seachtaine i mí Feabhra. I measc na n-imeachtaí bliantúla a chuirtear ar siúl bíonn Cúirt na hÉigse, ceiliúradh cultúrtha ceoil agus filíochta, agus aoi-léacht i gcomhar le Roinn na Gaeilge. Reáchtáil Coláiste na Tríonóide díospóireacht i nGaeilge do mhic léinn na nEolaíochtaí Sláinte i gcomhar le hAcadamh na Lianna, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn.

**Buaicphointí maidir le hInbhuanaitheacht**

Sheol Iar-Uachtarán agus Ollamh Taca le Ceartas Aeráide Mary Robinson, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath Caroline Conroy, an Propast Linda Doyle agus an Leas-Uachtarán um Bithéagsúlacht agus Gníomhú ar son na hAeráide Jane Stout an 21ú Seachtain Ghlas bliantúil. Tháinig tionscnamh nua sna sála ar an seoladh faoi stiúir an Bhainisteora um Inbhuanaitheacht, Jane Hackett ar an dtugtar na Gradaim um Cheannasaíocht Inbhuanaitheachta. Trí na gradaim, moltar iad sin a sheas chun tosaigh le bheith i leith na haeráide agus bithéagsúlachta laistigh dá réimse staidéir, mar chuid dá gcuid oibre nó laistigh dá bpobal. Bronnadh gradaim ar 34 duine aonair ó dhisciplíní agus réimsí riaracháin éagsúla. Mar chuid d’imeachtaí na Seachtaine Glaise reáchtáladh C&F leis an Aire Eamonn Ryan, seó grinn aonair maidir le himní faoin aeráid le Colm O’Regan, siopa babhtála, tob-bhialanna veigeánacha, cainteanna maidir le hiompar, cúram sláinte agus neart ábhair eile.

I mí Bealtaine, fuair Coláiste na Tríonóide an Brat Glas ó An Taisce as ucht iarracht níos fearr a dhéanamh tionchar Choláiste na Tríonóide ar an gcomhshaol a laghdú. Agus an brat á bhronnadh, leag An Taisce béim ar rannpháirtíocht mhic léinn Choláiste na Tríonóide, saotharlanna glasa, tionscnaimh maidir le soláthar inbhuanaithe, tionscadail iarfheistithe agus tiomantas láidir an Phropaist don inbhuanaitheacht mar ghnéithe barrthábhachtacha i leith an chinnidh.

D’aimsigh éiceolaithe de chuid Choláiste na Tríonóide leideanna ríthábhachtacha faoi thacú le pailneoirí luachmhara na hÉireann i ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar thacar sonraí deich mbliana ina raibh faisnéis maidir le 119 suíomh ar fud na tíre. Tháinig méadú ar an tacar sonraí le deich mbliana anuas a bhuí le hobair an Ollaimh Jane Stout agus a comhoibrithe, agus tháinig go leor oibre ó mhic léinn iarchéime agus iad á dtacú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn, ag Coláiste na Tríonóide agus ag an AE.

I mí an Mheithimh, rinne an tOllamh Stout agus Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath Caroline Conroy, an feachtas Sráid an Phiarsaigh Ghlas a sheoladh go hoifigiúil i gcomhpháirtíocht le roinnt gnónna sa cheantar. Is é an cuspóir atá le Sráid an Phiarsaigh Ghlas ná an tsráid a ‘ghlasú’, caighdeán an aeir a fheabhsú, conair sláinte agus bithéagsúlachta a chruthú agus tuilleadh spáis shóisialta a chur ar fáil.

I mí Dheireadh Fómhair, thug an tOllamh Yvonne Buckley tuilleadh den bhithéagsúlacht isteach sa champas i riocht an Fhoraois Phóca - ar foraois bheag dhúchasach atá i gceist a dhéantar a chur i gceantair uirbeacha. Tháinig mic léinn agus baill foirne ó gach taobh de Choláiste na Tríonóide le chéile chun an ithir a ullmhú don mhionfhoraois nua, atá lonnaithe lasmuigh d'Fhoirgneamh Parsons.

Bhí tionscnaimh bhreise ar siúl chun crainn an chur i rith na bliana acadúla seo i Seantrabh mar chuid den tSeachtain Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta. Faoi stiúir an Bhainisteora Inbhuanaitheachta Jane Hackett agus le cuidiú ó bhaill den fhoireann um Eastáit agus Saoráidí, David Hackett agus John Parnell Jr, chuir oibrithe deonacha na céadta crann, agus ina measc sin bhí an Propast Linda Doyle agus an tOifigeach Comhshaoil Erin O'Dowd.

Cuireadh lochán fiadhúlra isteach sa champas i mbliana, atá lonnaithe i ngairdín an Phropaist agus atá le feiceáil ó bhealach isteach Shráid Nassau. Tá torbáin agus ainmhithe uisce eile faoi bhláth anseo. Tá an lochán tiomnaithe don saineolaí bithéagsúlachta, an Dr Aoibheann Gaughran, a cailleadh ar an drochuair i ndeireadh na bliana 2021.

Bhí an taighdeoir iardhochtúireachta an Dr Zoe Roseby i gceannas ar thionscadal rannpháirtíochta poiblí ar a dtugtar Línte na Farraige chun comhrá a spreagadh maidir le leibhéil farraige atá ag ardú. Bhí an tionscadal comhdhéanta de shuiteálacha solais físe ó na healaíontóirí Fionlannacha Timo Aho agus Pekka Niittyvirta inar léiríodh an t-ardú a mheastar a thiocfaidh ar leibhéil na farraige mar gheall ar bhorrthaí stoirme. Thug an pobal agus na meáin an-aird ar an gcéad suíomh sa Phóirse Caoch agus rinneadh an rud céanna i láithreacha eile ar fud na hÉireann.

Le linn na bliana acadúla seo, cuireadh comhairliúchán i gcrích don chéad Straitéis Inbhuanaitheachta de chuid Choláiste na Tríonóide agus cuireadh an Treochlar um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi bhráid an rialtais. Rinneadh an Tuarascáil um Lorg Carbóin a chur i gcrích agus cuireadh an Coiste um Chomhshaol agus Inbhuanaitheacht ar bun.

# 8. Clár Forbartha Caipitil

## 8.1 Tionscadail

**Cearnóg na Clólainne – Cóiríocht do Mhic Léinn**

Cuireadh oibreacha i gcrích agus tugadh an foirgneamh ar láimh do Choláiste na Tríonóide i mí Samhna na bliana 2022. Tá 249 seomra leapa, spás seirbhísí do mhic léinn, aonad sláinte nua agus saoráidí spóirt san fhoirgneamh seo ina bhfuil 13,000m² agus naoi leibhéal.

**Teilgcheárta Foghlama E3 Martin Naughton**

Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir leis an dámh nua 7,256m² d'Innealtóireacht, Comhshaol agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht chun Cinn a thógáil. Táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i ndeireadh na bliana 2024 agus go gcuirfear saoráidí nua iontacha ar fáil ann do Dhámh STEM mar aon le bealach nua a bhfuil géarghá leis tríd an gcampas chuig an taobh thoir den Choláiste a ndearnadh tírdhreachú air le gairid.

**Árais Stairiúla Chóiríochta**

Cuireadh tús le hathchóiriú €20m a dhéanamh ar na Rúibricí atá 325 bliana d'aois agus ar Theach an Phríomh-Mhaoir atá 130 bliain d'aois i mí Lúnasa 2021 agus ba é Clancy Construction a chur críoch leis i mí Aibreáin 2023. Áiríodh lenár bhfoireann ghairmiúil Pascall+Watson, Carrig Conservation, AECOM agus WH Stephens.

Tá athchóiriú déanta ar na foirgnimh anois ionas gur féidir iad a úsáid mar chóiríocht do bhaill foirne, do mhic léinn agus do chuairteoirí agus tá saoráidí cruinnithe agus comhoibrithe acadúla ar urlár na talún. Leis an tionscadal, cuireadh aisfheistiú domhain fuinnimh i gcrích sna Rúibricí. Áirítear leis seo an príomhsholáthar teasa agus uisce te ó sheomra innealra nua ina bhfuil spás do thrí theaschaidéal fhoinse na talún atá ceangailte le 21 poll tóraíochta atá suas le 180m ar dhoimhneacht agus atá lonnaithe sa Chearnóg Nua.

I measc tionscnaimh eile chun feabhas a chur ar fheidhmíocht theirmeach an fhoirgnimh, tá insliú faoi urlár le gloine cúraithe athchúrsáilte, athchóiriú a dhéanamh ar na fuinneogaí agus insliú dín reatha mar aon le slinnte nua a chur agus úsáid á baint as slinn Valentia na háite. Chomh maith leis sin cuireadh obair athchóirithe i gcrích i dTeach an Phríomh-Mhaoir, lenar áiríodh teaschaidéal fhoinse an aeir a shuiteáil chun uisce te a théamh, agus úsáidtear an foirgneamh mar chóiríocht do bhaill foirne. Cuireadh an tionscadal i gcrích i mí Aibreáin 2023 de réir buiséid agus in am. Moladh na Rúibricí sa chatagóir "Tionscnamh Éifeachta na Bliana ar an Ollscoil" ag gradaim Chumann Stiúrthóirí Eastáit na hOllscoile (AUDE) 2023.

**Athfhorbairt na Seanleabharlainne**

I bhfianaise na mbrúnna maidir le boilsciú a chuaigh i bhfeidhm ar thionscadail tógála ar fud na tíre, tá measúnú á dhéanamh ar ghnéithe den tionscadal fadtéarmach chun an tSeanleabharlann a chaomhnú agus a chosaint.

Tréimhse ina raibh athbhreithniú fairsing á dhéanamh a bhí i gceist leis an mbliain acadúil seo, agus i ndiaidh breithniú cúramach a dhéanamh, chinn an Ollscoil nach leanfar ar aghaidh leis an nasc a bhí beartaithe ó phóidiam Berkeley chuig an tSeanleabharlann agus leis na hoibreacha uasghrádaithe a bhí le déanamh ar phóidiam Berkely freisin. Mar gheall ar an athrú seo, ní mór athshúil a thabhairt ar leagan amach an tionscadail.

I ndiaidh gach rogha a bhí ar fáil don Ollscoil a bhreithniú, tá sé d'oibleagáid ar Choláiste na Tríonóide faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údaráis Áitiúil a Dhámhachtain) 2016, tairiscintí a lorg ó fhoirne comhairliúcháin ghairmiúla an athuair.

**Éispéireas Leabhar Cheanannais (Taispeántas Eatramhach)**

I mí na Samhna 2022, thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Cead Pleanála chun Teach na Clódóireachta a athchóiriú le Leabhar Cheanannais a chur isteach ann le linn na hoibreacha athchóirithe a dhéanamh sa tSeanleabharlann. In éineacht le pailliún sealadach atá lonnaithe sa Chearnóg Nua, beidh taispeántas closamhairc agus spás miondíola ann. Mar chuid de na hoibreacha cumasaithe do Theach na Clódóireachta, rinneadh athchóiriú ar an díon, na fuinneoga agus na ballaí cloiche, ar cuireadh tús leo i mí Eanáir 2023 agus ar cuireadh deireadh leo i mí Lúnasa 2023. Tá pleananna faoi bhealach faoi láthair chun conraitheoir a cheapadh chun an phríomhobair atá le déanamh ar Theach na Clódóireachta a chur i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear na hoibreacha seo i gcrích le linn na bliana 2024 agus go mbeifear in ann Leabhar Cheanannais a athlonnú ansin ón tSeanleabharlann.

Cuireadh tús le hoibreacha cumasaithe sa Chearnóg Nua i mí Eanáir 2023. Mar chuid de na hoibreacha, suiteáladh naisc bhonneagair, píleáil talún agus fostruchtúr cruach ar mar gheall orthu sin a bhíothas in ann struchtúr an phailliúin a thógáil i mí Bealtaine 2023 Tá na feistithe inmheánacha don taispeántas agus do na spásanna miondíola faoi bhealach agus cuirfear i gcrích iad i ndeireadh na bliana 2023.

**Cóiríocht do Mhic Léinn – Halla na Tríonóide, Dartraí**

Tugadh Cead pleanála ó An Bord Pleanála chun forbraíocht cóiríochta nua do mhic léinn a thógáil i Halla na Tríonóide, Dartraí, ina bhfuil 358 seomra leapa. I ndiaidh fógraí ón rialtas maidir le maoiniú a chur ar fáil do chóiríocht do mhic léinn atá á tógáil ag ollscoileanna, tá cainteanna ar siúl i gcónaí leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Tairseach agus Coláiste na Tríonóide Thoir / TTEC**

Tá Mol Nuálaíochta nua na Tairsí, trína gcuirfear spás ar fáil d'fhiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta, agus foirne nuálaíochta ó eagraíochtaí corparáideacha móra, á thógáil faoi láthair agus osclófar é in earrach na bliana 2025. Beidh sé ar an ionad d'imeachtaí eagraithe rialta chun acadóirí, gnólachtaí nuathionscanta, pobal na háite, agus pobal na fiontraíochta a thabhairt le chéile laistigh de Cheantar na nDugaí i mBaile Átha Cliath. Gníomhóidh an meascán páirtithe leasmhara seo atá ag obair i gcomhar lena chéile mar mhaighnéad do thaighde agus cuirfidh sé dlús le nuálaíocht, rud a chuirfidh le téarnamh geilleagrach na hÉireann sna blianta atá amach romhainn. Tá pleananna faoi bhealach chun straitéis a sheoladh atá coinsiasach ó thaobh an chomhshaoil maidir le campas Choláiste na Tríonóide Thoir a fhorbairt. Gníomhóidh Coláiste na Tríonóide mar phríomhthionónta i lár an cheantair trí nasc a chur ar fáil chuig píblíne thalainne d'iarchéimithe, inneall nuálaíochta, agus lárionad sóisialta agus cultúir .

**Tionscadail Chomhshaoil, Bhonneagair Leictreachais, Oibríochta, Úsáide Spáis agus tionscadail eile**


Leantar de thionscadail chothabhála agus de thionscnaimh bainistithe fuinnimh shuntasacha ar fud an champais, lena n-áirítear soilse LED a shuiteáil sa Taobh Thoir den champas agus gléasra agus trealamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a chur in ionad córais reatha teasa agus fuaraithe.

Leanaimid d'aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna cothabhála leagáide, lena n-áirítear athchóiriú a dhéanamh ar ár bhfoirgnimh chónaithe stairiúla agus feabhsuithe níos ginearálta a chur ar ár gcórais bhraite tine agus córais shábháilteachta beatha eile. Chomh maith leis sin, tá béim bhreise á leagan ar thabhairt faoi níos mó oibreacha chun feabhas a chur ar rochtain uilíoch agus chun go mbeadh an campas ina champas níos inrochtana.

## 8.2 Caomhnú Fuinnimh

**Ídiú Fuinnimh**

In 2022-23, ídíodh 35.7m kWh leictreachais i bhfoirgnimh Choláiste na Tríonóide (méadú 4% ar an mbliain roimhe) agus 43.2m kWh gáis (laghdú 2% ar an mbliain roimhe).




**Astaíocht Carbóin a bhain le Cúrsaí Fuinnimh**

Ba é 20,702 tonna na hastaíochtaí CO2 a bhain le cúrsaí fuinnimh in 2022-23 (méadú 3% ar an mbliain roimhe), ar bhain 43% de sin le breosla téimh.

**Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide**

Le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide ón Rialtas, leagtar de dhualgas ar chomhlachtaí na hearnála poiblí an sprioc maidir le glanlaghdú 51% ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030.

Fágann an glanlaghdú ar charbón go gcaithfear an t-ídiú fuinnimh a ghabhann le haon fhoirgneamh nua a thabhairt isteach le laghduithe in áiteanna eile. Is é dícharbónú teasa an dúshlán is mó a bheidh ann.

Beidh scála an dúshláin suntasach i bhfianaise na béime láidre a leagann Coláiste na Tríonóide ar thaighde a d'fhéadfadh bheith an-dian ar fhuinneamh agus i bhfianaise aoiseanna agus cineálacha na bhfoirgneamh atá ann.

D'fhonn ár Spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide don bhliain 2030 a chomhlíonadh, ní mór laghdú carbóin agus caomhnú fuinnimh a chur san áireamh nuair atá ár bhfoirgnimh agus tionscadail ar fad á mbreithniú, agus tá na hearcaíochtaí seo ina léiriú ar thiomantas na Tríonóide ina leith sin.

**Clár an stoic foirgneamh agus úsáid carbóin/fuinnimh**

Tá próifíleanna sách éagsúil i dtaca le húsáid bhreosla iontaise agus úsáid leictreachais ag an lear mór d'fhoirgnimh atá ag Coláiste na Tríonóide. Tá riachtanais teasa shuntasacha i gceist leis na foirgnimh stairiúla atá ar gach taobh den Chearnóg Tosaigh agus den Chearnóg Nua agus ídítear méideanna suntasacha leictreachais agus breoslaí iontaise i bhfoirgnimh sa Taobh Thoir den Choláiste agus in Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide ina gcuid córais atá ríthábhachtach do phróisis agus ina gcuid trealamh taighde.

Ceann de na chéad dualgais a bhí orainn ná na foirgnimh shuntasacha maidir le húsáid bhreosla iontaise agus leictreachais a aithint agus iad a rangú ina ngrúpaí. Trí sin, bhíomar in ann foirgneamh tagartha a aithint i ngach aon chatagóir le haghaidh iniúchadh fuinnimh seachtrach chun méar a leagan ar na modhanna atá oiriúnach chun gach aon chineál foirgnimh inár réimse foirgneamh a dhícharbónú. Glactar leis seo gur dócha go mbeidh cosúlachtaí i gceist i ndáil le cur chuige agus go mbeidh raon costais aisfheistithe den chineál céanna i gceist idir foirgnimh den chatagóir chéanna. Chomh maith leis sin, cuireadh tús leis na iniúchtaí fuinnimh sin a sholáthar.

**Tionscadail Laghdaithe Carbóin**

Táimid i mbun na huirlise ó SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ón mbearna go sprioc a úsáid chun samhail a dhéanamh den choigealtas carbóin mar thoradh ar thionscadail. Cuireadh uasghráduithe soilsithe i gcrích le soilse dé-óide astaithe solais (LED) in 2023 in O'Reilly, Panoz, Smurfit agus Sniams; san iomlán, cuireadh thart ar 5,700 feistiú solais nua isteach.

Cuireadh tús le huasghrádú ar an trealamh aerála agus fuaraithe i bhfoirgneamh San Séamas Choláiste na Tríonóide, ar lena linn a cuireadh trealamh comhaimseartha isteach in ionad trealamh atá as feidhm nó neamhéifeachtúil. Cuireadh coirí ardéifeachtúlachta agus comhdhúthúcháin le rialtáin Córais Bainistithe Foirgnimh (BMS) iontu in ionad coirí a bhí tríocha bliain d'aois i bhfoirgneamh O'Reilly, ar tríothu sin a baineadh amach coigilteas carbóin thart ar 30% agus dearadh é le go mbeifear in ann é a chotháthú le teaschaidéal amach anseo.

Tá an córas aerála nua i bhfoirgneamh Hamilton nach n-úsáideann aon bhreoslaí iontaise ag feidhmiú go maith agus foghlaimíodh nithe mar gheall air le haghaidh tionscadail i bhfoirgnimh eile.

## 9. Daonchairdeas

Dhá bhliain i ndiaidh an feachtas Ag Spreagadh na nGlúnta a chur i gcrích, thaifead Forbairt & Alumni na Tríonóide feidhmíocht láidir, ag aistriú breis agus €20m chuig an Ollscoil chun tacú le scoláireachtaí, seirbhísí do mhic léinn, poist acadúla, taighde agus tionscadail chaipitil.
Bhí féilire lán d'imeachtaí i bpearsa ar siúl le linn na chéad bhliana 'tar éis covid', in éineacht le tairiscintí rathúla ar líne agus digiteacha bheith á gcur ar fáil i gcónaí. Mar gheall ar thaisteal idirnáisiúnta bheith ar siúl arís, bhíothas in ann caidrimh reatha le lucht tacaíochta a dhaingniú agus caidrimh nua a chothú. Thug an Propast a céad chuairteanna chuig Chicago, Nua Eabhrac, agus Singeapór, agus bhain sí sult as buaileadh le pobail alumni i ngach aon chathair.

Tharla tionól bliantúil Chomhairle an Phropaist, a chuimsíonn príomhdheontóirí agus oibrithe deonacha Choláiste na Tríonóide, i mí an Mheithimh agus díríodh ar thallann mac léinn agus ar thallann acadúil a bhí ag teacht chun cinn; forbairtí nua ar an gcampas ar nós Coláiste na Tríonóide Thoir; agus ceiliúradh a dhéanamh ar 30 bliain de Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, a dtacaíonn cuid mhór den Chomhairle leis go flaithiúil.

### Tabhartais Dhaonchairdiúla

Gealladh €31.3m i gcistí daonchairdiúla nua le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Bhí sé sin €2.2m (7.6%) níos mó ná an méid a tuairiscíodh an bhliain roimhe sin. San iomlán, thaifead TDA breis agus 5,400 tabhartas scoite ónár lucht tacaíochta le linn na bliana. Lean alumni, fondúireachtaí agus iontaobhais de thacaíocht a thabhairt do phoist acadúla nua agus scoláireachtaí nua do mhic léinn agus tháinig borradh faoi thionscadail dhaonchairdiúla straitéiseacha i gcónaí.

### Tionscadal Athfhorbartha na Seanleabharlainne

Cé go ndearnadh athchalabrú ar an tionscadal ó thaobh raon agus amlíne de, bhí na spriocanna tiomsaithe airgid céanna i gceist i gcónaí agus tiomsaíodh breis agus milliún euro ó dheontóirí nua le linn dinnéar tionsaithe airgid i Nua-Eabhrac.

### Coláiste na Tríonóide Thoir

Mheall TDA deontóirí chuig Coláiste na Tríonóide Thoir agus chuig Tairseach araon, agus ghlac alumni ról ceannaireachta i ndáil le forbairt an champais nua trí pháirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairleach Choláiste na Tríonóide Thoir.

### Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide-Ospidéil San Séamus (TSJCI)

Trí thacaíocht dhaonchairdiúil, tugtar cuidiú chun tacú le róil ceannaireachta ríthábhachtacha, maoiniú a chur ar fáil do ghradaim taighde nua agus clár ceannródaíoch cúig bliana a bhunú atá dírithe ar othair.

**Bronnadh ó Alumni**

Bhí Feachtas an Earraigh a seoladh i mí Feabhra ar an gcéad achainí de chuid TDA a bhí go hiomlán comhtháite do Chiste Alumni na Tríonóide a ndearnadh athbhrandáil air agus áiríodh mar chuid de, feachtas teileafóin, post díreach, láithreacht ar líne, margaíocht dhíreach trí ríomhphost agus na meáin shóisialta. Tá Ciste Alumni na Tríonóide ina chiste cuimsitheach chun tacaíocht thimfhillteach a chur ar fáil do mhic léinn ar nós scoláireachtaí agus sparánachtaí Rochtana, Seirbhísí Comhairleoireachta do Mhic Léinn, tacaíochtaí míchumais, tacaíocht airgeadais éigeandála agus meantóireacht duine le duine. Leis an gCiste, is féidir gníomhú i leith riachtanais athraitheacha mac léinn ar bhealach cumhachtach agus tráthúil.

**Dícheall cuí agus aire a thabhairt do dheontóirí**

Chuir an Coiste um Thabhartais a Ghlacadh maoirseacht ar fáil maidir le gach deontas ionchasach os cionn €500,000 lena chinntiú go ndéantar clú an Choláiste a chosaint. Cuireann an Coiste creat polasaí níos leithne na hOllscoile san áireamh agus cinntíonn an Coiste go bhfuil a chuid cinntí ag teacht le Polasaí Eitice na hOllscoile. Is le próiseas céimnithe maidir le dícheall cuí a rialaítear deontais faoi bhun €500,000. Bhain an fhoireann maoirseachta nua garspriocanna amach, rinneadh ceiliúradh ar dheontóirí, agus aimsíodh réitigh nua agus nuálacha chun leibhéil seasmhacha a léiriú i ndáil le buíochas, tionchar agus meas ar dheontóirí.

**Caidreamh le Alumni**

Tháinig méadú i gcónaí ar an ngníomhaíocht chun dul i dteagmháil le alumni, i bpearsa trí imeachtaí ar nós Fleánna Athchaidrimh do Alumni inar tugadh breis agus 300 alumni isteach sa Phroinnteach chun ceiliúradh a dhéanamh, agus ar líne trí thionscnaimh ar nós na sraithe seimineáir gréasáin Smaointe a Spreagadh, a lean ar aghaidh le hocht seimineár gréasáin, ina raibh alumni agus taighdeoirí de chuid na Tríonóide páirteach. Cuireadh leagan amach hibride ar an tSeirbhís Carúl do alumni agus cairde den chéad uair riamh, ina raibh comhthionól iomlán agus beoshruthú i gceist agus ar bhreathnaigh beagnach 3,000 duine uirthi.

Tháinig biseach maith ar chaibidlí domhanda alumni i ndiaidh na paindéime, agus cuireadh tús an athuair le gníomhaíocht i spriocréigiúin ar nós na Gearmáine, Nua-Eabhrac, San Francisco agus na Ríochta Aontaithe. Le linn na bliana, díríodh ar alumni óga, ar mar gheall air sin a tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta. Bhí glanmhéadú iomlán sa lucht féachana 5.8% níos airde bliain i ndiaidh bliana agus tháinig glanmhéadú 41.2% ar shíntiúsóirí YouTube le hais na tréimhse roimhe mar aon le glanmhéadú 111% ar leantóirí Instagram. Breathnaíodh ar ábhar físe YouTube an TDA breis agus 42,000 uair, ar méadú 34% ar an mbliain roimhe sin atá i gceist. Is éard is ciall leis sin gur tháinig méadú 16% ar an iomlán ar rannpháirtíocht agus gur tháinig méaduithe suntasacha chun cinn ar Facebook (20.4%) agus Instagram (300%), rud a léiríonn an rath a bhí ar an bhfeachtas ó thaobh teacht chomh fada le deimeagrafach níos óige.

## 10. Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023
Tá ráitis airgeadais na bliana dár chríoch an 30 Meán Fómhair 2023, arna n-aontú ag an mBord an 27 Márta 2024, le feiceáil ag an nasc thíos:

https://www.tcd.ie/financial-services/external-assets/pdfs/Consol_Financial_Statements_2023_Irish.pdf



# Aguisín I

**Freastal ar Chruinnithe Boird 2022-23**

13 chruinniú a bhí ann san iomlán i rith na bliana.

**Comhaltaí:**
Linda Doyle (13), Orla Sheils (11), David Shepherd (12), Neville Cox (13), Eleanor Denny (10), Darryl Jones (13), Louis Brennan (12), Norah Campbell (12), Caitriona Leahy (13), Khurshid Ahmad (10), Sarah Alyn Stacey (12), Rose-Anne Kenny (7), (Owen) Ross McManus (8), Inmaculada Arnedillo-Sanchez (10), Sarah Browne (12), Lorna Roe (1), Fintan Sheerin (8), John Walsh (9), Kevin Byrne (11), Rachel Mathews-McKay (11), David Grouse (13), Gabrielle Fullam (12), Chloe Staunton (10), Zoe Cummins (11), Matt Murtagh-White (5)[1], Paul Farrell (9), Andrea Nolan (10), László Molnárfi (1)[2] , Aoife Bennett (1)[3], Catherine Arnold (1)[4]

# Aguisín II

**Costais an Bhoird 2022-23**

Tá Baill Sheachtracha an Bhoird i dteideal táillí ballraíochta (€279 in aghaidh na bliana) don Seomra Coiteann Sinsearach. Cúitíodh €2,173.42 le comhalta seachtrach den Bhord, a chuireann faoi lasmuigh d'Éirinn, i leith costais taistil agus chothabhála a bhain le bheith i láthair ag cruinnithe den Bhord.

1 Chuir Ionadaí do Mhic Léinn Iarchéime (Matt Murtagh-White) (2023-24) tús lena théarma i mí Feabhra 2023.
2 Uachtarán Nua Aontas na Mac Léinn (László Molnárfi) (2023-24) (reáchtáladh cruinniú breise an 23 Lúnasa 2023)
3 Oifigeach Leasa Nua Aontas na Mac Léinn (Aoife Bennett) (2023-24) (reáchtáladh cruinniú breise an 23 Lúnasa 2023)
4 Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn (Catherine Arnold) (2023-24) (reáchtáladh cruinniú breise an 23 Lúnasa 2023)

